




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

## & AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Teagasc

Agriculture and Food Development Authority



*Toscairí ag freastal ar chomhdháil IALB/EUFRAS a bhí á reáchtáil ag Teagasc ag Ollscoil Luimnigh.*

## Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2016 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc. Déantar cur síos i gcomhthéacs na spriocanna sin ar shamplaí de na héachtaí agus an dul chun cinn is tábhachtaí maidir leis an Stiúrthóireacht Taighde, an Stiúrthóireacht um Aistriú Eolais agus an Stiúrthóireacht Oibríochtaí.

### Misean

Tacú leis an nuálaíocht ar bhonn eolaíochta san earnáil agraibhia agus sa bhithgheilleagar i gcoitinne, chun bonn taca a chur faoin mbrabúsacht, faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht.


### Fís

Is mian le Teagasc an cháil a bheith air sa tír seo agus thar lear gurb é an rogha soláthraí eolais i gcás earnáil agraibhia na hÉireann.

## Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Tuarascáil an Stiúrthóra | 4 |
| Comhaltaí an Údaráis | 6 |
| Comhaltaí Choiste an Údaráis | 7 |
| Ard-Bhainistíocht | 8 |
| Cairt Eagrúcháin | 9 |
| Láithreacha na nOifigí | 10 |
| Sprioc 1 - Feabhas a chur ar iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne | 11 |
| Sprioc 2 - Tacú leis an bhfeirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol | 33 |
| Sprioc 3 - Éagsúlú an gheilleagar tuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha i gceantair tuaithe a fheabhsú | 45 |
| Sprioc 4 - Feabhas a chur ar chuma eagraíochtúil agus luach ar airgead a sheachadadh | 53 |
| Ráitis Airgeadais | 65 |
| Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais | 76 |

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



**An Dr Noel Cawley**

Tá sé de mhisean ag Teagasc tacú leis an nuálaíocht ar bhonn eolaíochta san earnáil agraibhia agus sa bhithgheilleagar i gcoitinne, chun bonn taca a chur faoin mbrabúsacht, faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht. Dhírigh Teagasc in 2016 ar chláir éagsúla náisiúnta a fheidhmiú d'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach.

Léirigh Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc gur tháinig laghdú 9% ar ioncam teaghlaigh feirmeoirí in 2016, rud a thug an meánfigiúr ioncaim don earnáil feirmeoireachta go €24,060.

Le GLAS agus Clár Géanómaíoch Sonraí Mairteola (BDGP) á leathnú amach mhéadaigh íocaíochtaí díreach ar fheirmeacha eallaigh idir 5 agus 11% in 2016. Chabhraigh sé seo le praghsanna níos ísle d'eallach a chúiteamh agus chiallaigh sé go raibh méadú idir 2% agus 4% ar mheánioncam ar fheirmeacha eallaigh in 2016. In ainneoin an ardaithe seo, bhí an meánioncam feirme íseal go maith do na feirmeacha seo ag €12,908 in 2016.

Lean táirgíocht bhainne ag méadú i rith 2016. Ach bhí titim beagnach 10% ar phraghas an bhainne agus bhí titim 17% ar ioncam ar na feirmeacha seo, go €51,809 ar an meán.

Chuir an laghdú i dtorthaí barra in 2016 isteach go mór ar fheirmeacha curaíochta. Le laghdú i bpraghas gránach chomh maith, bhí titim 10% ar mheánioncam na bhfeirmeacha curaíochta go €30,816.

Bhí laghdú 2% ar phraghas uan in 2016 agus gan mórán athrú ar ioncam ó íocaíochtaí díreacha d'fhan meánioncam na bhfeirmeacha caorach socair ag €16,011.

Foilsíodh an tuarascáil dheiridh i dTionscadal Fadbhreathnaitheacht Teicneolaíochta Teagasc 2035 in 2016. Cuireadh an tuarascáil i láthair Choimisinéir Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe na hEorpa, Phil Hogan, ag comhdháil sa Bhruiséal i mí Mheithimh. Mar chuid den tionscadal Fadbhreathnaitheachta Teicneolaíochta chuathas i gcomhairle le os cionn 200 saineolaí agus páirtithe leasmhara le teicneolaíochtaí fionnachtana a aithint a athróidh earnáil agraibhia agus bithgheilleagair na hÉireann faoin mbliain 2035.

D'aithin Teagasc cúig théama mar thosaíochta taighde agus nuálaíochta in Éirinn sna blianta atá romhainn: Géanómaíocht Phlandaí agus Ainmhithe agus Teicneolaíochtaí Gaolmhara, Micribhiothra Daonna, Ainmhí agus Ithreach, Teicneolaíochtaí Digiteacha; Teicneolaíochta Nua do Phróiseáil Bia; Bunathrú sa Chóras Slabhra Luacha Bia.

I rith na bliana 2016 sheol Teagasc a séú Ráiteas Straitéise le spiocanna, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí ardleibhéil don tréimhse 2017-2020. Ullmhaíodh an Ráiteas i gcomhairle le lucht foirne agus páirtithe leasmhara seachtracha éagsúla agus is ionann é agus freagairt Teagasc do na deiseanna agus na dúshláin atá ag an eagraíocht agus ag an earnáil agraibhia.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don tionscal le dul i ngleic le dúshláin leanúnacha na hiomaíochta agus na hinbhuanachta, cabhróidh an straitéis leis an earnáil le freagairt do na dúshláin nua a eascróidh as cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach (Brexit). Cé go bhfuil impleachtaí gearrthéarmacha an chinnidh seo le feiceáil cheana féin i dtionchar in athruithe i luach Sterling in aghaidh an Euro, ní bheidh an tionchar meántéarmach go fadtéarmach soiléir go dtí go n-aontófar téarmaí cruinne Brexit sna blianta atá romhainn.

D'oscail Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara an tIonad nua Oideachais, Taighde agus Comhdhála i dTeagasc Bhaile an Ásaigh, i mí na Nollag.

Úsáideadh an infheistíocht €3 mhilliún seo le saoráid chomhtháite a chruthú le

haghaidh Taighde Bia, Forbairt Ghairneoireachta, Forbairt Foraoiseachta, Oideachas Gairneoireachta agus oiliúint sa Tionscal Bia. Tá soláthar teach gloine dílsithe, polatholláin, foirgneamh fóntais ghinearálta, agus saoráid taighde muisiriún a bheidh á roinnt idir foraoiseacht, gairneoireacht agus oideachas á chomhlánú ag an Ionad Comhdhála. Tá amharclann léachta l2 116 suíochán agus saotharlann teagaisc den déanamh is úire ann. Leis an infheistíocht shuntasach seo beidh na háiseanna breise oiliúna againn atá ag teastáil do mhic léinn gairneoireachta ar chúrsaí i gColáiste Gairneoireacht Áise i nGarraithe Náisiúnta na Lus.

Tá tacar de 2025 plean oibre earnálacha foilsithe ag Teagasc. Clúdaítear mairt diúil, déiríocht, caoraigh, muca, curaíocht, foraoiseacht, gairneoireacht, an comhshaol agus bia sa naoi bplean oibre. I ngach ceann de na pleananna oibre imlínítear na saincheisteanna tábhachtacha margaidha agus beartais a bhféadfadh an earnáil a bheith ag plé leis idir seo agus 2025, chomh maith le méid agus cruth na n-earnálacha aonair.

Fiosraítear na himpleachtaí comhshaoil agus talamhúsáide agus foilsítear na feidhmíochtaí criticiúla teicniúla a bheith ag teastáil sna fiontair éagsúla d'fheirmeoirí ionas gur féidir leo tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht a bhfeirme féin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí Aidan O'Driscoll agus lena fhoireann sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara lena mbímid ag obair go dlúth ar son leas earnáil an agraibhia.

Leis an olltoghchán agus cruthú rialtais nua tháinig Michael Creed TD in áit Simon Coveney TD mar Aire. Tháinig Andrew Doyle TD i gcomharbacht ar Ann Phelan TD agus Tom Hayes TD.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht ollmhór a thug na hairí a d'éirigh as do Teagasc agus guím gach rath orthu ina bpostanna nua.

Tá caidreamh den scoth ag Teagasc i gcónaí leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD agus leis an Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD.

Gabhaim buíochas le Tim O'Leary as ucht an méid a rinne sé le linn a théarma ar Údarás Teagasc. Thug sé comhairle agus spreagadh don eagraíocht le feirmeoireacht na hÉireann a fhorbairt agus tacú leis an fheirmeoireacht le bheith iomaíoch agus brabúsach d'fhonn slí bheatha inmharthanach a bhaint amach do theaghlaigh feirme.

D'athcheap an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Micheal Creed TD, Tommy Cooke ar Údarás Teagasc don dara téarma. Cheap an tAire Richard Kennedy, Leas-Uachtarán an IFA ar an Údarás chomh maith. Tugann Richard leis a thaithí fhairsing ar fheirmeoireacht agus ar cheannaireacht in agraghnó feirmeoireachta agus ar fhorbairt phobail go dtí Údarás Teagasc.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis an Stiúrthóir Gerry Boyle agus le foireann uile Teagasc ar son a ndúthracht agus a ndícheall don eagraíocht in 2016.

**An Dr Noel Cawley**
*Cathaoirleach, Údarás Teagasc*

# TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA



**An tOllamh Gerry Boyle**

Is féidir éifeachtúlacht táirgeachta a fheabhsú i gcórais feirmeoireachta diúil na hÉireann agus méadú mór a dhéanamh ar bhrabúsacht. Ba í sin an teachtaireacht ó Beef 2016, Lá Oscailte Teagasc ag an Ionad Taighde agus Nuálaíóchta Ainmhithe agus Féaraigh, sa Ghráinseach i gContae na Mí.

D'fhéadfadh Brexit (imeacht na RA as an AE de thoradh reifrinn i mí Mheithimh 2016) athrú bunúsach a dhéanamh ar an gcaidreamh trádála idir Éirinn agus an RA, agus tionchar a imirt ar an leibhéal tacaíochta a thugann an Comhbheartas Talmhaíochta.

Tá cainníochtú déanta ag taighde Teagasc ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar thalmhaiocht na hÉireann, ar easpórtálacha agraibhia na hÉireann agus ar ioncam feirmeacha in Éirinn. Díríodh aird san anailís ar íogaireacht na hearnála maidir le bacainn trádála níos airde agus tionchar diúltach Brexit ar bhuiséad an AE agus an Chomhbheartais Talmhaíochta.

Is í earnáil na mairteola in Éirinn an earnáil agraibhia is íogaire mar go bhfuil sí ag brath faoi láthair ar mhargadh na RA agus go bhféadfadh laghdú teacht ar na híocaíochtaí díreachta mar thoradh ar Brexit.

Bhí an taighde seo mar threoir ar thuiscint an Rialtais agus an tionscail ar phróiseas Brexit agus ar an bhagairt atá ann d'agraibhia na hÉireann agus don gheilleagar go ginearálta.

Chríochnaigh Teagasc níos mó ná 40,000 iarratas Scéim Bunícaíochta thar ceann feirmeoirí a bhí ina gcliaint i mbliana agus rinneadh 39,000 díobh ar líne.

Tháinig gairmeoirí comhairleacha agus oideachais as gach cearn den Eoraip go Luimneach i mí Mheithimh chuig comhdháil leis an téama 'Tacaíocht Nuálaíochta don Talmhaíocht Ilghneitheach'. Rinne Teagasc óstáil ar an 55ú Acadamh Idirnáisiúnta do Chomhairleoirí Tuaithe (IALB) agus ar an tríú Fóram Eorpach don Talmhaíocht agus do Sheirbhísí Comhairleacha Tuaithe (EUFRAS) ar champas Ollscoil Luimnigh.

Thug an ócáid seo gairmeoirí tábhachtacha talmhaíochta le chéile ó na hearnálacha comhairleacha agus oideachais, lena n-áirítear earnálacha curaíochta, mairteola, bainne, orgánacha, fuinnimh agus foraoiseachta ón Eoraip go léir. Tugtar i bhfad níos mó luacha agus measa do ról na gcomhairleoirí tuaithe i dtacaíocht le nuálaíocht, go domhanda agus ag leibhéal na hEorpa.

Tá an rollú foriomlán coláiste do chúrsaí ardoideachais Leibhéal 5, Leibhéal 6, agus cúrsaí atá nasctha le Teagasc i dtalmhaíocht, gairneoireacht, eachaí agus foraoiseacht don bhliain acadúil 2016/17 cothrom le 1,873.

Cé go bhfuil sé sin 5% níos ísle ná 2015, tá an rollú foriomlán cothrom fós le leibhéil 2014 agus 2013.

Tá éileamh eisceachtúil ard ar chúrsaí Teastas Glas d'aosaigh do na roghanna cianoideachais agus páirtaimseartha.

Rinne Teagasc beagnach 4,400 a rollú don chlár aosach Teastas Glas sa tréimhse ó fhómhar 2014 go deireadh na bliana 2016.

Tá freastal le déanamh fós ar 3,600 duine eile a bhfuil a spéis léirithe go foirmiúil acu i gclár Teastas Glas Teagasc.

Is uirlis shaincheaptha é InCites lenar féidir le heagraíocht anailís a dhéanamh ar aschur páipéir taighde tagarmharcála in aghaidh piareagraíochta ar fud an domhain. Tá dhá earnáil ábhair ábhartha do Teagasc: Eolaíochtaí Talmhaíochta, Déiríochta agus Ainmhithe; agus Eolaíocht agus Teicneolaíócht Bhia.

Is féidir feidhmíocht Teagasc a chur i gcomparáid le feidhmíocht Institiúidí Ardléinn na hÉireann sna hearnálacha seo. Sa tréimhse 2012-2016, tháinig Teagasc sa chéad áit sa dá earnáil seo le 314 foilseachán san earnáil Eolaíochtaí Talmhaíochta, Déiríochta agus Ainmhithe agus 642 páipéar san earnáil Eolaíocht agus Teicneolaíocht Bhia.

D'eagraigh an tionscadal CommBeBiz, le maoiniú AE, a thacaíonn le taighdeoirí bitheacnamaíochta ar fud na hEorpa lena gcuid eolais a aistriú chuig páirtithe leasmhara ábharacha comhdháil ar Thionchar Bithgheilleagair. D'aibhsigh an ócáid go mbeidh athrú suntasach bainistíochta i gceist leis an mbithgheilleagar a sheachadadh.

Teastóidh bealaí nua le taighde a dhéanamh, bealaí nua le gnó a dhéanamh, agus bealaí nua le beartais a chruthú ón mbithgheilleagar chomh maith leis an athrú follasach i dtáirgeacht, i dtomhaltacht, i bpróiseáil agus in aisghabháil bunábhair bhitheolaíocha atá riachtanach.

Tá tairseach nua gréasáin darbh ainm 'Opt-In' forbartha ag Teagasc mar a bhfuil faisnéis ar fáil maidir le forbairt scileanna a bhaineann le fostaíocht agus deiseanna

éagsúlaithe do theaghlaigh tuaithe. Forbraíodh an Tairseach do dhá chontae píolótacha ar dtús, mar atá Luimneach agus Tiobraid Árann.

Tá Opt-In inseachadta faoin gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Cheantair Tuaithe (CEDRA), clár feidhmíochta atá maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Coimisiúnaíodh an Tairseach nuair a aithníodh gur gá eolas a thabhairt don phobal i gceantair tuaithe faoi dheiseanna uascilithe agus forbartha pearsanta.

Ba bhuaicphointe é críochnú Saoráid Taighde Muca Teagasc sa Chloch Liath in 2016.. Rinneadh réamhbhreithniú ar an tsaoráid nua ag deireadh mhí na Bealtaine, agus 300 duine ar cuairt thar dhá lá. Tá saoráid úrscothach do thréad comhtháite le 200 cráin ag Teagasc anois le líon foirne taighde atá ag fás, méadú ar líon na mac léinn agus clár taighde atá faoi threoir ag inchur ó tháirgeoirí muc agus ón tionscal.

Le cónascadh PastureBase agus AgriNet Grass tá Teagasc ar thús cadhnaíochta sa Talmhaíocht Chliste. Cabhróidh PastureBase Ireland go mór le grúpaí Aistriú Eolais a chruthú agus úsáidfear é le teicneolaíochtaí féaraigh ar nós pleanálaí uainíocht earraigh, dingeanna féir agus buisead féir fómhair a chur i gcrích.

Léirigh clár pórú prátaí Teagasc na cineálacha prátaí a bhfuil frithsheasamh iomlán ach don speiceas néimeatóide ciste práta Globodera pallida. Tá an frithsheasamh bunaithe ar dhá lócas páirtéifeachtúil a phirimidiú le frithsheasamh in aghaidh Globodera pallida a thabhairt.

Tá sé deimhnithe ag eolaithe Institiúid Mhicrea-bhithóm APC i gCorcaigh go bhfuil míocróib stéige ríthábhachtach do shláinte croí.

Léirigh an staidéar ní amháin go laghdaítear colaistéaróil fola i lucha nuair a itear béiteaghlúcan coirce, ach go gcabhraíonn sé le meáchain an choirp a choinneáil síos agus go ndéanann sé leas to mhicrea-bhiothra na stéige - an pobal baictéire a mhaireann sna stéigeanna.

D'oscail Ornua, an t-easpórtálaí táirgí déiríochta is mó in Éirinn, saoráid nua déantúsaíochta cáise i Riyadh, san Araib Shádach. Beidh cáiseanna bána á ndéanamh sa saoráid úrscothach €20 milliún don mhargadh Sádach, an cúigiú iompórtálaí déiríochta is mó ar domhan.

Bainfidh an tsaoráid nua úsáid as teicneolaíocht cheannródaíoch atá forbartha ag Ornua agus Teagasc le réimse cáiseanna saincheaptha a tháirgeadh d'earnáil bháicéireachta, deilithe miondíola agus custaiméirí seirbhíse bia. Tá an-tóir ar cháiseanna bána i réigiún an Mheán Oirthit agus Thuaisceart na hAfraice. Leis an teicneolaíocht nua is féidir comhábhair bainne a ath-chomhcheangal le cáis úr bhán a tháirgeadh.

Thug tuarascáil a choimisiúnaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2013 go mbíonn sláinte níos measa ag céatadán níos airde de daonra feirmeoireachta (16%) ná mar a bhíonn ag an daonra ginearálta in Éirinn (12%). Tá tograí éagsúla á bhfeidhmiú ag Teagasc sa réimse sláinte agus sábháilteachta do pháirtithe leasmhara tuaithe, lena n-áirítear staidéar leanúnach ar shláinte feirmeoirí i gcomhar le gairmeoirí sláinte ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT), Ionad Sláinte na bhFear, IT Ceatharlach agus Scoileannna Fisiteiripe agus Sláinte Feidhmíochta, agus Talmhaíochta agus Eolaíocht Bhia UCD.

Chuir Cód Sábháilteachta Cleachtais Feirme Teagasc cúrsaí leathlae ar fáil d'fheirmeoirí i ngach contae le cabhrú le feirmeoirí riachtanais Measúnú Riosca a chomhlánú nó a athbhreithniú mar a éilítear faoin Chód Cleachtais do Shábháilteacht Feirme.

Tá cistiú suntasach ar fáil faoi TAMS 11 le tacú le feirmeoirí ionaid oibre níos sábháilte agus níos éifeachtúla a dhéanamh as a bhfeirmeacha.

Tá Teagasc i mbun tionscadail (ar cuireadh tús leis i Loch Garman) laistighde chlár Aistriú Eolais Chomhaltacht Walsh ina ndéantar iniúchadh ar an idirghabháil idir mná feirme agus na seirbhísí comhairleacha. I measc na dtorthaí ionchasa d'fhéadfaí tús a chur le Grúpaí Plé do mhná amháin.

Rinne Teagasc óstáil ar Saol na Feirme agus na Tuaithe 1916, an comóradh céad bliain ba mhó ar an tuath in Éirinn. Tháinig cuairteoirí agus lucht taispeántais as ceithre hairde na hÉireann go Béal Átha an Rí, don ócáid speisialta teaghlaigh seo.

Cruthaíodh baile 1916 ar an suíomh 100 acra atá ag Teagasc i mBéal Átha an Rí, le macasamhail chómhéide d'Ard-Oifig an Phoist, siopaí, teach tábhairne bothán traidisiúnta, feirm agus a lán eile. Thug ceoltóirí, damhsóirí agus taispeántais drámaíochta an baile 1916 chun bheatha agus tugadh cuireadh do na cuairteoirí triail a bhaint as uirlis, damhsa a dhéanamh nó scéal a insint. Bhí léirsithe, taispeántais, insintí, drámaíocht, damhsa, agus ceol ann le linn na hócáide i dtaobh ábhar nós beostoc agus barra 1916, innealtra seanda agus cóistí capall na linne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaaithe i ngach post agus feidhm in Teagasc, ar son a ndúthrachta agus a gcuid oibre crua in 2016.

**An tOllamh Gerry Boyle**
*Stiúrthóir Teagasc*

# ÚDARÁS TEAGASC 2016



**Údarás Teagasc**
An Dr Karina Pierce, Richard Kennedy, Joseph Larkin, An Dr Noel Cawley, Tommy Cooke,
An tOllamh Gerald Fitzgerald, Cliona Murphy, Padraig Gibbons.



Mr. Alan Jagoe



Mr. Brendan Gleeson



Mr. Liam Woulfe

## Freastal ar Chruinnithe an Údaráis 2016

| | 06-Ean | 03-Fea | 02-Mar | 06-Aib | 04-Bea | 01-Mei | 06-Iúil | 07-MF | 05-DF | 02-Sam | 07-Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cawley, An Dr. Noel, Cathaoirleach | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Cooke, Mr. Tommy | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ |
| Fitzgerald, An tOll. Gerald | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | - | √ |
| Gibbons, Mr. Padraig | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Gleeson, Mr. Brendan | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | - | √ | - | √ |
| Jagoe, Mr. Alan | - | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ |
| Kennedy, Mr. Richard** | | | | | | - | - | √ | √ | √ | √ |
| Larkin, Mr. Joe | - | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ |
| Murphy, Ms. Cliona | √ | √ | - | √ | - | √ | √ | - | √ | √ | - |
| O'Leary, Mr. Tim* | - | √ | √ | √ | √ | √ | | | | | |
| Pierce, An Dr. Karina | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | √ |
| Woulfe, Mr. Liam | - | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | √ |

**An tUas O'Leary mar aoi ag cruinniú 01 Meitheamh 2016*
***Ceapadh an tUas Kennedy ar an Údarás le héifeacht ón 25 Bealtaine 2016*
*Tá an sceideal i leith freastal ar chruinnithe á sholáthar i gcomhréir le mír 3.8 den Chód.*

## An Coiste Iniúchóireachta

| | 25-Fea | 06-Iúil | 05-DF | 22-Sam |
|---|---|---|---|---|
| Woulfe, Mr. Liam | √ | √ | √ | √ |
| Pierce, An Dr. Karina* | - | √ | √ | |
| Gleeson, Mr. Brendan | √ | √ | √ | √ |
| O'Connell, Mr. Noel** | | | | √ |
| Gibbons, Mr. Padraig | √ | √ | √ | √ |

**D'éirigh an Dr Pierce as an gcoiste le héifeacht ón 2.11.16*
***Ceapadh Noel O'Connell (comhalta seachtrach den Choiste) ar an 02.11.16*

## An Coiste Taighde

| | 03-Mei | 18-Sam |
|---|---|---|
| Pierce, An Dr Karina (Cath) | √ | √ |
| Larkin, Mr. Joe | √ | √ |
| Jagoe, Mr. Alan | - | √ |
| Fitzgerald, An tOll. Gerald | √ | √ |
| Kennedy, Mr. Richard* | | √ |

**Ceapadh an tUas Kennedy ar an gCoiste ar an 02.11.16*

## An Coiste Comhairleach & Oideachais

| | 22-Fea | 15-Iúil | 25-Sam |
|---|---|---|---|
| Jagoe, Alan (Cath) | √ | √ | √ |
| O'Leary, Mr. Tim | √ | | |
| Gibbons, Mr. Padraig | √ | √ | √ |
| Larkin, Mr. Joe | √ | √ | √ |
| Cooke, Mr. Tommy | √ | √ | √ |
| Kennedy, Mr. Richard* | | | √ |
| Pierce, An Dr. Karina** | | | √ |

**Ceapadh an tUas Kennedy ar an gCoiste ar an 02.11.16*
***Ceapadh an Dr Pierce ar an gCoiste ar 02.11.16*

## An Coiste Oibríochtaí

| | 29-Fea | 29-Lún | 16-Nol |
|---|---|---|---|
| Cooke, Tommy (Cath) | √ | √ | √ |
| Cawley, An Dr Noel | √ | √ | √ |
| Larkin, Mr. Joe | √ | √ | √ |
| Murphy, Ms. Cliona | - | - | √ |

## An Coiste Ainmniúcháin

| | 06-Aib | 26-DF | 06-Nol |
|---|---|---|---|
| Cawley, An Dr. Noel, Cathaoirleach | √ | √ | √ |
| Fitzgerald, An tOll. Gerald | √ | √ | √ |
| Gibbons, Mr. Padraig | √ | √ | √ |
| Cooke, Mr. Tommy | √ | √ | √ |
| Pierce, An Dr. Karina | √ | √ | √ |


# AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA



An tOllamh Gerry Boyle
*Stiúrthóir*



An Dr. Frank O'Mara
*Stiúrthóir Taighde*




Tom Doherty
*Príomhoifigeach Oibriúcháin*



An tOllamh Tom Kelly
*Stiúrthóir um Aistriú Eolais*

# CAIRT EAGRÚCHÁIN



# OIFIGÍ AGUS IONAID TEAGASC

EANÁIR 2016



An tÚdarás
Talmhaíochta agus
Forbartha Bia



# SPRIOC 1

## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ

Teagasc

Agriculture and Food Development Authority

# SPRIOC 1
## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ

### MAIRTEOIL

**MAIRTEOIL 2016**
Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, a d'oscail Mairteoil 2016, lá mór oscailte in ionad Teagasc na Gráinsí. I measc buaicphointí Mairteoil 2016, bhí an sráidbhaile féaraigh le taispeántas athshíolú inar léiríodh modhanna bunaithe le féaraigh a athshíolú agus taispeántas bonneagar féaraigh le samplaí chórais shimplí banraí le huisce, sconsaí agus bealaí bóthair.

Cuireadh béim ar ghormchlónna le haghaidh chórais lao-go-mairteoil mar gheall ar an an líon laonna déiríochta atá ar fáil le haghaidh táirgeadh mairteola a bheith ag fás leis an bhfás ar an tréad náisiúnta ba déiríochta.
Dúirt Pearse Kelly, Ceann na Roinne um Aistriú Eolais faoi Stoc Tirim Teagasc: "Is iad na córais is rathúla iad sin a chuireann barrfheabhas ar fheidhmíocht ainmhithe ó fhéar agus a bhaineann amach codán ard den ghnóthachán iomlán saoil as féar féaraigh. Is féidir le méadú ar inchur dlúthán cur isteach ar bhrabúsacht costais agus praghas ceannach lao, chomh maith le praghas díolta mairteola."

**An Clár Géanóm Mairteola**
Tar éis comórtas oscailte soláthair a reáchtáil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, bronnadh an conradh oiliúna ginearálta don Chlár Géanóm Mairteola ar Teagasc.
Is cuid é BDGP de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2020. Tá cistiú de €300 milliún i gceist agus eascraíonn sé as an rath a bhí ar scéimeanna roimhe seo, lena n-áirítear an Scéim GéanómDírítear sa chlár ar laigí i ngéiniteach máthar thréad laonna na hÉireann, d'fhonn cur le brabúsacht feirmeoirí agus dlús



*An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Michael Creed TD le foireann Teagasc ag Mairteoirl 2016.*

ghás ceaptha teasa ó tháirgeadh mairteola na hÉireann a laghdú. Gné éigeantach den BDGP ba ea go raibh ar gach rannpháirtí sa chlár cúrsa oiliúna ceithre uair a chloig a chríochnú.

- D'oil Teagasc 171 teagascóir leis na cúrsaí oiliúna BDGP a sheachadadh.
- I gcomhar le ICBF agus leis an Roinn TBM, d'ullmhaigh Teagasc an t-ábhar oiliúna go léir a úsáideadh i gcúrsaí oiliúna an BDGP.
- Chuir Teagasc 940 cúrsa oiliúna ar fáil ag 90 ionad le meánfhreastal de 26 feirmeoir.
- Oileadh 24,174 rannpháirtí BDGP san iomlán ar na cúrsaí seo (97.5% de na rannpháirtithe i gclár BDGP).
- D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara beagnach €4 mhilliún amach le rannpháirtithe an chúrsa trí Teagasc.

**Feirm Áth Nua**
Tháinig na céadta feirmeoirí chuig

**TÁBLA 1 - Líon na n-iarratasóirí a oileadh de réir aonaid réigiúnaí laistigh de Teagasc.**

| Aonad Ceantair | 31 Deireadh Fómhair 2016 | Cúrsaí |
|---|---|---|
| Corcaigh Thoir | 689 | 29 |
| Cill Chainnigh/Port Láirge | 926 | 36 |
| Tiobraid Árann | 1032 | 43 |
| Corcaigh Thiar | 1046 | 39 |
| Ros Comáin/ Longfort | 1741 | 70 |
| Laois/Cill Dara/An Mhí/Lú/BÁC | 1760 | 66 |
| Cill Mhantáin/Ceatharlach/Loch Garman | 1315 | 52 |
| Ciarraí/Luimneach | 2084 | 81 |
| Maigh Eo | 2248 | 86 |
| Iarmhí/Uíbh Fhailí/Cabhán/Muineachán | 3401 | 133 |
| Dún na nGall/Sligeach/Liatroim | 3226 | 122 |
| Gaillimh/An Clár | 4706 | 183 |
| **Iomlán** | **24174** | **940** |

Feirm Taispeántas Laonna Áth Nua i mBéal Átha an Rí, Contae na Gaillimhe ar lá oscailte inar taispeánadh na gnóthachain agus na ceachtanna ón chéad bhliain oibriúchán. Chuir Dawn Meats agus Teagasc an fheim 56 heicteár ar bun in 2015, le tacaíocht ó McDonalds agus an Irish Farmers Journal, leis an chleachtas is fear i dtáirgíocht mairteola laonna diúil a léiriú.

Tá an cineál bó ag an Áth Nua éagsúil, a bhformhór ina mba céadchrosphór Aberdeen Angus. Déantar iad a phórú ón tréad déiríochta, ar son a gcumas táirgeachta sármhaith as féar, a íoslaghdaíonn an gá le dlúthán a cheannach agus a úsáid.

**Inseamhnú Saorga Mairteola**
Gintear timpeall 20% de laonna trí Inseamhnú Saorga i dtréada mairteola na hÉireann. Léiríonn úsáid íseal na teicneolaíochta éifeachtaí seo an deacracht agus na riachtanais saothair a bhaineann le brath teasa, ba a chruinniú le hinseamhnú agus ilroinnt na talún ar fheirmeacha mairteola. Dá thoradh sin tá méadú ar an spéis i bprótacail éastrasacha nó sioncrónú teasa a úsáid a éascaíonn IS (TAI) uainithe nach mbíonn brath teasa de dhíth ar a son.

D'fhonn faisnéis chruinn théagartha a fháil faoi chumas TAI ar thréada bó mairteola Éireannacha, agus measúnú a dhéanamh ar na prótacail atá ar fáil, rinne Teagasc, i gcomhar le UCD agus Institiúid Talmhaíochta agus Eolaíocht Bhitheach Thuaisceart Éireann, sraith staidéar sioncrónaithe ar fheirmeacha, le maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí 74 tréad ar fud oileán na hÉireann le 2,204 bó a rug lao le ≥35 lá, rollaithe sna staidéir. Cuireadh trí phrótacal sioncrónaithe éagsúla i gcomparáid, iad go léir bunaithe ar fhaighintaca próigeistéaróin (PRID E, CEVA Animal Health), ionsáite ar feadh tréimhse seacht lá.



*Feirmeoir agus cliant Teagasc, Michael Baker as an Clár, teicneoir cáilithe IS a úsáideann IS ar a chuid bó diúil g*

Tugadh TAI amháin do gach bó 72 uair an chloig tar éis an PRID a bhaint amach, gan aird ar chomhartha teasa a bheith ann nó gan a bheith. Bhí úinéirí na dtréada in ann a rogha seamhain a úsáid (d'úsáid gach tréad seirbhís IS tráchtála), agus mar sin úsáideadh

seamhan ó líon mór tarbh sna staidéir. Ina ainneoin sin, bhí rátaí toirchis idir 50-70% ann de thoradh na dtrialacha seo, le meánráta foriomlán an-sásúil toirchis de 55% bainte amach le hinseamhnú uainithe amháin. Ba mhór an spreagadh iad na torthaí seo, go háirithe nuair nach raibh timthriall gnách iarbhreithe tosaithe arís ag ~50% de na ba ag am na cóireála.

Rinneadh comhdhlúthú ar phatrún breithe sna tréada seo mar gheall ar an sioncrónú. Rinne an sioncrónú comhdhlúthú ar phatrúin breithe sna tréada seo. I dtréad tipiciúil bhí beagnach 80% de na ba sioncrónaithe torrach laistigh de 23 lá ó thús an tséasúr goir (.i. idir na ba a ghin le TAI agus iad sin a ghin tar éis inseamhadh eile trí sheachtain níos déanaí). Cé gur roghnaigh a lán tréada IS a dhéanamh arís ar na ba, scaoileadh tairbh stoic amach i dtréada eile timpeall 10 lá tar éis an TAI.

Is nós an-éifeachtach é sin ó thaobh saothair agus úsáid tarbh stoic agus ceadaíonn sé do thréad géiniteach máthar a úsáid trí TAI agus díriú ar thréithe teirminéalacha ina dtairbh stoic.

## CAORAIGH

**Sláinte Chaorach**

Cuireann sláinte lag i gcaoirigh isteach ar tháirgiúlacht, méadaíonn sí costais agus riachtanais oibre ach is ábhar imní í atá ag méadú ó thaobh táirgíocht chaorach go hidirnáisiúnta. Go dtí seo áfach níor cuireadh tréithe sláinte san áireamh i bhformór



*Pearse Kelly, Ceann na Roinne um Aistriú Eolais faoi Stoc Tirim Teagasc, ag labhairt le cuid den slua mór ag Mairteoil 2016 ag Teagasc na Gráinsí.*



*An Dr Noirin McHugh, Oifigeach Taighde, An Chloch Liath,*
*Alan Bohan, Comhalta Walsh, Teagasc An Chloch Liath.*
*William Fitzgerald, Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach*
*An tOllamh Gerry Boyle Stiúrthóir, Teagasc*
*Ben Anthony, Feirmeoir Caorach, An Bhreatain Bheag*
*An tOllamh Michael Diskin, Treoraí Fiontraíocht Chaorach, Béal Átha an Rí*
*Diana Fairclough, Feirmeoir Caorach, An Bhreatain Bheag*

na spriocanna idirnáisiúnta pórú caorach.

I gcomhar le Sheep Ireland, tá sonraí sláinte níos mó ná 20,000 comhthiomsaithe ag Teagasc maidir le tréithe éagsúla sláinte lena n-áirítear bacaíl, maistíteas agus scór mataigh. Léiríodh le hanailís ar na sonraí go bhfuil éagsúlacht fhairsing géiniteach thar na tréithe sláinte go léir a fiosraíodh.

Nuair a chuirtear é seo le ríomh luach eacnamaíoch gach tréith sláinte, ag úsáid samhail Táirgíochta Bith-eacnamaíoch Uan Teagasc is féidir na tréithe sláinte a áireamh sna spriocanna náisiúnta pórú caorach, agus uirlis roghnaíochta a thabhairt d'fheirmeoirí caorach na hÉireann le hainmhithe níos sláintiúla agus níos téagartha a roghnú.

**Comhdhálacha Caorach**
D'eagraigh Teagasc Comhdhálacha Náisiúnta Caorach i mBéal Áth na Sluaighe, Contae na Gaillimhe, i nGuaire, Contae Loch Garman agus Comhdháil Chaorach Sléibhe i mBealach Féich, Contae Dhún na nGall. I measc na bpríomhthéamaí bhí:

- Feabhsú géiniteach i dtréad caorach na hÉireann a bhrosú.
- Tá an ghéinitic is fearr ón Nua-Shéalainn á mheas faoi láthair i dTeagasc i mBéal Átha an Rí.
- Tionchar ráta stoic agus torthúlachta ar bhrabúsacht fhoriomlán fhiontair chaorach ísealchríche.
- Tábhacht bhainistiú gnáthóga ar thailte arda.
- Rialú inbhuainaithe leith uisce i gcaoraigh ar fheirmeacha sléibhe.

**SheepNet: Líonra Caorach an AE Táirgiúlacht**
Is tionscadal nua le maoiniú AE é SheepNet (Comhroinnt Saineolais agus Taithí i leith Táirgiúlacht caorach trí Líonrú) faoi threoir

# SPRIOC 1
## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ

idele (An Fhrainc) atá dírithe ar tháirgiúlacht caorach a mhéadú. Tionóladh an cruinniú tionscnaimh in Ionad Taighde Caorach Teagasc i mBéal Átha an Rí. Is faoi nuáil faoi threoir cleachtadh d'fhonn táirgiúlacht caorach a fheabhsú atá SheepNet.
Tá an sé phríomhthír a tháirgeann caoraigh san AE rannpháirteach (An Spáinn, An Ríocht Aontaithe, An Rúmáin, An Iodáil, An Fhrainc, Éire) agus an Tuirc.



*Michael Gottstein, Ceann Roinn Aistriú Eolais Caorach Teagasc, ar shiúlóid i bhfeirm caorach in Inis.*

## DÉIRÍOCHT

**Comhchláir Déiríochta**
Teagasc ag obair go dlúth le comharchumainn agus cuideachtaí príobháideacha déiríochta le bliana fada, lena n-áirítear Carbery, Dairygold, Glanbia Kerry, Lakeland, Tipperary. Cé go mbíonn na cuspóirí éagsúil ó chéile ag brath ar an gceantar tíreolaíoch, scála ceantair srl, tá an aidhm chéanna ag na Comhchláir: córais théagartha déiríochta a chur chun cinn le bainne d'ardchaighdeán



*Danny agus Margaret McCarthy, feirmeoirí i ngleann Dhoire Fhada in Iarthar Chorcaí ag obair go dlúth lena gcomhairleoir Teagasc Michael Connolly.*

a tháirgeadh go hiomaíoch agus go hinbhuanaithe ó thaobh teaghlaigh/gnólachtaí feirme, comhshaoil, leas ainmhithe, agus in ann teacht slán ó luaineacht i bpraghas an bhainne. Cé gur clár ar leith gach comhchlár, i bhformhór na gcásanna sanntar comhairleoir Teagasc chuig comhchlár ar son íocaíocht airgid ón eagraíocht chomhpháirtíochta.

Tá comhchláir le comharchumainn Arrabawn agus Aurivo i mesc na gclár is déanaí a cuireadh ar bun. Mar a tharlaíonn le Comhchláir eile, bíonn plé-ghrúpaí, feirmeacha taispeántais agus cláir spriocdhírithe chomhairleacha ar bun leis na comharchumainn seo. In 2016 sheol Arrabawn clár nua 'Bainne le Brabús' i gcomhar le Teagasc. Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, an clár go hoifigiúil ar fheirm Seamus agus Brian Molamph, an Port Rua, Co. Thiobraid Árann, ceann de chúig fheirm fhorbartha sa Chomhchlár.

Roghnaíodh an cúig fheirm fhorbartha leis na buntáistí atá le baint as glacadh na teicneolaíochta agus leis an chleachtais is fearr i réimsí bainistíocht airgeadais agus pleanála, breith dhlúth, úsáid féir, bainistíocht póraithe, sláinte tréada agus cáilíocht an bhainne.

Tá 24 grúpa plé déiríochta (345 feirmeoir) páirteach sa Chomhchlár idir Teagasc agus Aurivo. Tá na grúpaí lonnaithe i nGaillimh, Maigh Eo, Sligeach, Dún na nGall, Ros Comáin agus san Iarmhí. Chomh maith leis na haidhmeanna leathana - inbhuaine airgeadais agus chomhshaoil - tá na spriocanna reatha dírithe ar thógáil bearach agus ar sholaidí bainne a fheabhsú.

**An Chomhdháil Náisiúnta Déiríochta**

'Teicneolaíochtaí don Rath' an téama a bhí ann don Chomhdháil Náisiúnta Déiríochta a tionóladh i gCorcaigh agus san Iarmhí. Labhair cainteoirí as Éirinn agus as tíortha eile leis an lucht éisteachta ag an dá ionad. Chuir an Dr. Pat Dillon, Ceann Chlár Taighde agus Nuála Ainmhithe agus Talamh Féaraigh Teagasc páipéar i láthair faoi dhéiríocht na hÉireann agus an riocht ina bhfuil sé agus téarnamh ag teacht. Dúirt sé:

"Is í an straitéis is fearr d'fheirmeoirí déiríochta na hÉireann le bua a fháil ar luainecht phraghas an bhainne, córais féar-bhunaithe ar chostas íseal a fhorbairt le haghaidh táirgíocht bhainne. As seo amach, is ceart comparáidí a dhéanamh ar bhonn 'an kg de sholaidí bainne', seachas



*Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, Brian Molamphy, Port Rua, Co. Thiobraid Árann agus Príomhfheidhmeannach Arrabawn ag plé an chláir 'Bainne le Brabús' atá dírithe ar chórais théagartha déiríochta atá ábalta teacht slán as luaineacht i bpraghas bainne.*

# SPRIOC 1
## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ



An feirmeoir Michael Gowen leis an Dr Tom O'Dwyer, Ceann Aistriú Eolais, Teagasc.

ar bhonn 'an líotar'; is fearr a léiríonn sé seo an córas íocaíochta do bhainne, tá gaol níos dlúithe aige le costais táirgíochta agus is féidir bainne do chomhdhéanamh éagsúla a chur i gcomparáid leis."

Luaigh sé, bunaithe ar Shuirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc 2015, go raibh ráta stoic níos airde, ionchur dlútháin níos ísle don bhó, séasúr féaraigh níos faide, agus codán níos airde den fheirm san ardán féaraigh ag an 20% d'fheirmeoirí is airde ó thaobh brabúis de réir an acra, ná mar a bhí ag an mheánfheirm déiríochta.

Tar éis éisteacht leis na cainteoirí ar an ardán bhí na rannpháirtithe in ann rogha a dhéanamh idir cheardlanna an-idirghníomhacha inar tugadh faoi na dúshláin atá ag an fheirmeoireacht dhéiríochta.

**Imeachtaí Cúram Laonna**
Tháinig Teagasc agus Sláinte Ainmhithe Éireann le chéile leis na próiseálaithe déiríochta Aurivo, Dairygold, Glanbia agus Lakeland Dairies, le tacaíocht ó Volac, le sraith imeachtaí chúram laonna a eagrú leis an chleachtas is fearr a chur chun cinn maidir le laonna a thógáil agus aire a thabhairt dóibh. Dhírigh gach imeacht ar cheithre ábhar: 1,2,3 bhainistiú cholastraim' Feidhmíocht laonna ar bhainne ionaid nó bainne iomlán; Srianú Chripteaspóiridiam agus choiciodóise i laonna; Sruthlíniú ualach oibre le linn séasúr na mbreitheanna.

Eagraíodh imeachtaí sna contaethe seo: Cill Dara, Loch Garman, Corcaigh, Cill Chainnigh, Port Láirge, an Cabhán, Luimneach agus Gaillimh.

**Lá Oscailte Greenfield Dairy**
Ba é 'Dul i nGleic le praghsanna ísle/luaine bainne in 2016' an téama don lá oscailte a eagraíodh i mí Bhealtaine. Bhí comhairleoirí Teagasc ar lámh le grúpa beaga feirmeoirí a áisiú le páirt a ghlacadh i gceardlanna sreabhadh airgid ag an ócáid.
Díríodh sna ceardlanna ar na céimeanna is gá le hairgead a ghiniúint ar fheirmeacha:

- Coimheá airgid a bhaint amach le praghas bainne trí luach an bhainne a tháirgítear a mhéadú nó costais a laghdú. In 2015 rinne feirm Greenfield bainne le comhábhar próitéin 3.87% agus 4.64% saill ime a tháirgeadh, a chuireann go mór le luach an bhainne thar an mbonn 3,3%

*Ag freastal ar sheoladh imeachtaí earraigh feirmeoirí CalfCare ar fheirm George Corrigan, Balana, ionadaithe ón AHI, Teagasc agus próiseálaithe bainne déiríochta atá rannpháirteach i reáchtáil sraith 13 imeachtaí CalfCare.*



agus 3.6%.
- Bain leas as na scéimeanna praghas seasta bainne a thairgeann an próiseálaí bainne. Díoladh timpeall 25% den bhainne a táirgeadh in 2016 ar phraghas seasta
- Cruthaigh cúlchistí sreabhadh airgid. Cuireadh cúlchiste airgid tirim de €125,000 ar leataobh thar na blianta roimhe sin le haghaidh tréimhsí le praghas íseal ar nós 2016


Ceann Chlár Teagasc um Barra, Comhshaol agus Talamhúsáid, Paddy Browne leis an gcomhairleoir Phelim McDonald.

## FÉAR

**Saothróga Féir Níos Fearr a Fhorbairt ag Úsáid Roghnú ADN-bhunaithe**
Tá féar ilbhliantúil á phórú ag Teagasc le níos mó ná 50 bliain ag Páirc na Darach, Ceatharlach. Bíonn na blianta ag teastáil le saothróga nua a phórú ach tá teicneolaíochtaí ann leis an phróiseas a bhrostú.
Tá straitéisí ADN-bhunaithe in úsáid anois ag Teagasc le plandaí a roghnú le chur chun cinn ina chlár pórú féir i bPáirc na Darach. Dá thoradh seo is féidir i bhfad níos mó timthriallacha roghnaithe a chríochnú in am níos giorra, le gnóthachain ghéaraithe le haghaidh tréithe tábhachtacha ar nós barr foráiste. Ag baint úsáide as an teicneolaíocht seo, tá saothróga féir den chéad ghlúin eile á seachadadh go mear ag Teagasc le tacú le feirmeoirí na hÉireann.

**Cumasc PasteurBase agus AgriNet**
"Céim straitéiseach chun tosaigh is ea cumasc PastureBase agus AgriNet Grass d'fheirmeoirí na hÉireann ó thaobh bainistiú féaraigh," arsa Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle. "Cuirfidh sé Teagasc ar thús cadhnaíochta sa Talmhaíocht Chliste agus is céim thábhachtach chun tosaigh é don eagraíocht sa réimse seo. Cabhróidh PastureBase Ireland go mór le grúpa KT a chur chun cinn agus úsáidfear é
le cuid de na teicneolaíochta féaraigh ar nós pleanálaí uainíochta earraigh Teagasc, ding féir agus buiséad féir fhómhair a chur i gcrích."

**Seamar**
Ag labhairt ag lá oscailte ar fheirm taighde Chloch na Coillte Teagasc, dúirt an Dr Pat Dillon Ceann chlár Ainmhithe agus Féaraigh, Taighde agus Nuála Teagasc
"Tá sé de chumas sa seamar úsáid nitrigine a laghdú, táirgíocht bhainne sa bhó a mhéadú, agus astaíochtaí ocsaíde nitriúil a laghdú.
"Thar trí bliana, tháirgigh córas seamar féir a bhí ag fáil 150 cileagram Nitrigine an heicteár an méid céanna ábhair tirim féir de réir an heicteáir le
córas seagalaí amháin a fuair 250 cileagram Nitrigine an heictear. Tá feidhmíocht sheasmhach ard ainmhithe i gcórais seamar féir ag rátaí stoic chosúla."

## CURAÍOCHT

**Comhdháil Náisiúnta Curaíochta Teagasc**
Taighdeoir Barraí Teagasc
Thug an Dr Joseph Lynch forléargas ar fhoirmiú toraidh i gcruithneacht geimhridh agus ar na ngá atá le díriú ar an líon deiridh diasa agus líonadh gráin a fhadú le torthaí arda a bhaint amach i ndálaí Éireannacha.

Labhair Dermot Forristal, Taighdeoir Barra Teagasc faoi thábhacht uainíocht na mbarr le torthaí cruithneachta a uasmhéadú, faoi bhrabúsacht na huainíochta agus faoi chostais a smachtú. D'ainmnigh sé chomh maith na barra tánaisteacha neamhghráin is inmharthana in Éirinn, bunaithe ar an tionscadal CROPQUEST a mhaoinigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le déanaí.

Lean an Dr John Carroll, Taighdeoir Barra Teagasc le téamaí na mbarra tánaisteacha, trí fhorléargas a thabhairt
ar an obair le táirgeadh pónairí

a bharrfheabhsú i gclár barra tánaisteacha Teagasc/IFA atá maoinithe le muirear gráin.

Thug Taighdeoir Barra Teagasc, An Dr Steven Kildea an lucht éisteachta suas chun dáta ar thorthaí fhaireachan íogaireachta Septoria agus ar fhionnachtan frithsheasmhachta in aghaidh ghrúpa fuincidídí SDHI an fómhar seo caite. Thug sé comhairle don séasúr seo chugainn maidir lr forbairt na frithsheasmhachta seo a mhoilliú agus chuir sé béim chomh tábhachtach is atá sé don tionscal go léir cloí le treoirlínte seasmhachta ar mhaithe le hinbhuaine amach anseo.

**Eorna Bhraiche**

Lean Teagasc ar aghaidh lena chomhghníomhaíochta leis an tionscal eorna bhraiche i rith na bliana 2016. Ag seimineár eorna bhraiche, chuir Taighdeoir Barra Teagasc, An Dr Richie Hackett, béim ar obair thaighde a léirigh gur gá rátaí níos ísle nitrigine a úsáid nó torthaí arda a bhaint amach le próitéin ísle a bhaint amach le sainriachtanais driogaireachta a shásamh. Labhair Liz Glynn, Taighdeoir Teagasc, faoi obair thaighde fuingicíde a thug le fios gur gá do tháirgeoirí fuingicídí a úsáid go luath leis na torthaí is fearr a bhaint amach.

**Prátaí**
**Comhdháil Naisiúnta**

D'fhreastail feirmeoirí agus tionsclóirí as gach cearn den tír ar an Chomhdháil Náisiúnta Prátaí agus Taispeántas Trádála inniu, a bhí eagraithe ag IFA, Teagasc agus Bord Bia.

I measc na mbuaicphointí bhí an taighde margaidh ó Kantar Worldpanel inar léiríodh go bhfuil fás dearfa i luach agus i méid den chéad uair le seacht mbliana agus siopadóirí ag ceannach níos minice - tá 34 turas sa bhliain á dhéanamh acu. Ach níl na méideanna a cheannaíonn siad ar ais go leibhéil 2007-8 fós. In 2007, bhí 140kg sa bhliain de phrátaí á gceannach ag an gnáth-theaghlach Éireannach, agus thit sé sin go 119kg in 2015.

I rith na comhdhála thug Michael Hennessy, Ceann Aistriú Eolais in Teagasc, forléargas ar Thogra 'Prátaí Sailéid' trí bliana atá dírithe ar tháirgeadh prátaí sailéid a mhéadú in Éirinn: 'Tá gach gné riachtanach ag an tionscal le táirgíocht prátaí sailéid a mhéadú mar go bhfuil ithreacha oiriúnacha againn, bonneagar bunaithe agus margadh atá ar bís le táirge Éireannach a dhíol."

Dúirt Fiona Hutton, Teagasc, "Is fadhb mhór é an víreas i bprátaí agus is féidir suas le 50% den bharr a chailliúint leis." Thug Fiona léargas ar theagmhais víris ar fud na hÉireann agus ar na bearta

*Lorcan Bourke, Bainisteoir Earnála do Phrátaí ag Bord Bia, an saineolaí cothúcháin Aoife Hearne, an tOll Gerry Boyle agus an Dr Marc Allison, Allison Cambridge University Farms, NIAB.*





*Mark Plunkett, Jack Nolan, RTBM, An tOll. Gerry Boyle, agus An Dr. David Wall.*

rialaithe atá riachtanach: "Níl aon phríomhtheicnís ann le víreas a rialú, tá gá le meascán de bhearta, síol glan, gortghlanadh agus rialú ceimiceach ina measc."

**Pórú Prátaí**

Léirigh clár pórú prátaí Teagasc na cineálacha prátaí a bhfuil frithsheasamh iomlán ach don speiceas néimeatóide ciste práta Globodera pallida. Tá an frithsheasamh bunaithe ar "Gníomhaíonn pirimidiú dhá lócas éifeachtach a thugann frithsheasamh i/3n aghaidh Globodera pallida Pa2 go comhleanúnach thar daonraí iomadúla néimeatóide páirce," dar leis an eolas as Teagasc, an Dr Dan Milbourne.

**Barra Teagasc Feirmeacha níos Fearr**

Bhí roinnt cruinnithe ag Barra Teagasc Feirmeacha níos Fearr in 2016. Cuireadh béim sa chlár ar "Conas 90% de chumas do ghoirt a bhaint amach trí fheirmeoireacht Chliste". Ag na cruinnithe i mí Feabhra chuir Mark Plunkett, Saineolaí Ithreacha, béim ar an chumas chun inchuir a láithriú go beacht le feidhmíocht fhoriomláin goirt a fheabhsú. Tá "Foireann Uirlisí Bheacht" á forbairt ag Mark, lena chomhghleacaithe taighde, a thabharfaidh uirlisí agus modhanna le chéile do gach feirmeoir le inathraitheacht toraidh a fheabhsú i ngoirt.

**Ithreacha**

Cuireann Teagasc seirbhís tástála ithreacha ar fáil dá chliaint agus tá 10 bhfoireann tástála ithreach ar fáil.
Is é an tástáil chaighdeánach (S1) is mó a úsáideann cliaint Teagasc. Déanann S1 tástáil ar son pH na hithreach, riachtanas aoil, an P agus K atá fáil san ithir.

Tógann Teagasc timpeall 40,000 sampla ithreach le tástáil gach bliain. Coinnítear an fhaisnéis seo i mbunachar mór ithreacha agus tugann sé tuairim mhaith faoi threochtaí torthúlacht na hithreach náisiúnta ar son na bpríomhchothaitheach ar fud na bpríomhfhiontair feirmeoireachta. Léiríonn torthaí samplaí ithreach a bhfuil anailís déanta orthu ag Teagasc go bhfuil leibhéil na bpríomhchothaitheach ithreach, aol, fosfar agus potasiam faoi bhun an leibhéil is fearr.
(K).Ag labhairt ag comhdháil Teagasc ar thorthúlacht ithreach dúirt Mark Plunkett, Saineolaí Ithreach agus Chothaithigh Plandaí: "Is é an chéad phrionsabal i bpleanáil leasúcháin ná aigéadacht ithreach a rialú trí aol a chur san ithir go rialta.

"Léiríonn torthaí na dtástálacha ithreach go bhfuil aol de dhíth go

rialta ar timpeall dhá thrian dár n-ithreacha le stádas optamach pH a chothabháil le haghaidh táirgíocht féir agus gráin. Is oiriúntóir éifeachtach é thaobh costais é an t-aol mar go bhfuil sé riachtanach le cothaithigh tábhachtacha ithreach a scaoileadh saor.
Cuirtear treoirlínte don chleachtas is fearr i leith aol a úsáid go héifeachtach ar fheirmeacha ar fáil i bhFeasachán teicniúil Aoil agus pH Teagasc uimh. 2."

## GAIRNEOIREACHT

**Gairneoireacht**

Cuireann an earnáil ghairneoireachta timpeall €350m (Foinse, An Roinn Talmhaíochta, agus Mara, 2015) le haschur talmhaíochta ag leibhéal gheata na feirme agus cothaíonn sí osc ionn 6,000 post san earnáil táirgíochta agus 9,000 eile in earnáil na seirbhísí fóntais. Is féidir dúshláin an mhargaidh a achoimriú mar fháisceadh costais agus praghais.

**Earnáil na Muisiriún**

Is í an táirgíocht mhuisiriún an fho-earnáil is suntasaí sa táirgíocht gairneoireachta inite. Ag geata na feirme tá luach €140 milliún ag tionscal muisiriúin na hÉireann agus déantar timpeall 86% de sin a easpórtáil go dtí an RA. Tá sciar an mhargaidh sa RA méadaithe go dtí os cionn 50% ó na 1990í. Bhí tionchar mór ag luaineacht sa ráta malartáin, le sterling lag ó bhí reifreann ann faoi bhallraíocht san AE, ar an earnáil in 2016. Tá Teagasc dírithe ar chabhrú le táirgeoirí a bheith níos éifeachtaí agus brabúsacht a uasmhéadú trí chomhchlár tionscail le Táirgeoirí Tráchtála Muisiriúin (CMP). Bhí fócas nua in 2016 ar chleachtais bhainistíochta ar fheirmeacha tráchtála muisiriún d'fhonn leibhéil brabúis a bhuanú agus a dheisiú.

**Taighde Muisiriún**

Tá scóip ann leis an earnáil mhuisiriún a fhairsingiú agus a éagsúlú in Éirinn trí theicneolaíocht nua a fhorbairt, cineálacha nua (le blas níos fearr) agus táirgí nua (cothú ainmhithe, cumaisc bhithghníomhacha, SMC mar fhoinse bhreosla). Tá nideog áirithe ann le sofaisticiúlacht agus castacht punann táirgí an mhuisiriúin a mhéadú i gcomhthéacs dul chun cinn mór in eolaíocht mhuisiriúin, go háirithe i seicheamhú Agaricus bisporus.

**Stoc Plandlainne agus Plandaí MaiseachaTar**

Tar éis a bheith as láthair ó thaobh comhairleoireachta de ón earnáil seo le ceithre bliana, d'fhaomh Údarás Teagasc ceapachán Dónall Flanagan, mar chomhairleoir Stoc Plandlainne agus Plandaí Maiseacha, agus beidh sé bunaithe i Roinn Gairneoireachta Teagasc in mBaile an Ásaigh.

Tá an Tionscal Plandlainne Crua/ Plandaí Maiseacha i ndea-chaoi le leanúint ar aghaidh ag forbairt



*Marie Staunton, Garden Writer agus an Comhairleoir Dermot Callaghan, Ceann Roinn Fhorbairt Gairneoireachta Teagasc. An Dr Michael Gaffney agus Leo Finn, Teagasc*

sna blianta atá le teacht tar éis d'athrú agus do chuíchóiriú mór teacht uirthi 2008 i leith de bharr géarchéim na heacnamaíochta. Thosaigh Dónall ar chúnamh teicniúil a thabhairt do tháirgeoirí maidir le saincheisteanna sonracha bainistíochta agus táirgíochta a bhain le síolrú, IPM agus táirgíocht inbhuanaithe, agus chuir sé tús leis an obair le Bord Bia agus le páirtithe leasmhara eile sa tionscal le treo na hearnála a shocrú go dtí 2025.

**Taighde ar Shrian Comhtháite Lotaidí (IPM)**
Tá IPM ríthábhachtach i mbarra diansaothraithe gairneoireachta le forbairt leanúnach a dhéanamh ar tháirgíocht gairneoireachta. Tá freagracht dhíreach ar Teagasc i leith Taighde agus Aistriú Eolais ar IPM a éascú sna hearnálacha gairneoireachta uile. In 2016 thosaigh Teagasc ar uirlisí IPM a fhorbairt ag Teagasc Bhaile an Ásaigh d'fhonn straitéisí IPM a chur chun cinn do bharra Gairneoireachta in Éirinn. Dheimhnigh Teagasc go raibh an fheithid lotnaide Drosophila suzukii ar dheich cinn de shé fheirm torthaí déag a ndearnadh faireachas orthu in 2016.

## FORAOISEACHT

**Oiliúint**
Cuireann Roinn Foraoiseachta Teagasc oiliúint ar fáil ar gach gné den fhoraoiseacht nuair a aithnítear go bhfuil éileamh ann nó nuair a dhéantar iarratas sonrach ar oiliúint. In 2016 bhí Teagasc rannpháirteach i 17 gcúrsa éagsúla foraoiseachta. Bhí cúrsaí i dtomhas adhmaid, Bunús na foraoiseachta, múnlú, cúrsaí síolta agus cúrsa comhshaoil ina measc.



*Tá a thréad caorach laghdaithe ag John Phelan, feirmeoir sna cnoic faoi Shliabh Bladhma i gcontae Laoise agus tá crainn curtha aige ar chuid dá 49ha . Téann sé i gcomhairle go rialta le Liam Kelly, Oifigeach Forbartha Foraoiseachta Teagas*

**Clinicí Foraoiseachta Duine le Duine**
Déantar iad seo a reáchtáil i bhformhór Oifigí Teagasc sa tir i mí Eanáir. I mí Eanáir amháin caitheadh 48 lá
le clinicí dílsithe foraoiseachta agus d'fhreastail 426 cliant orthu. I mí Feabhra b'éigean 12 lá clinice eile a chur leo agus bhí 62 cliant ag freastal orthu sin. Mar sin bhí 488 úinéir talún ag freastal ar 60 lá de chlinicí san iomlán. I mbliana bhí na clinicí duine le duine dírithe go príomha ar fhoraoisiú agus ar cheisteanna bainistíochta.

**Siúlóidí Bainistíochta Foraoise**
Eagraíodh sraith Siúlóidí Bainistíochta ar fud na tíre i mí Aibreáin. D'eagraigh Foireann Chomhairleorieachta an FDU 20 imeacht san iomlán. Ag na himeachtaí seo díríodh ar shaincheisteanna bainistíochta do phlandálacha óga foraoise, lena n-áirítear leibhéil stoic, rialú fásra, cosaint barra agus múnlú crutha.

Threoraigh Comhairleoirí Foraoise Teagasc na siúlóidí in éineacht le Cigirí áitiúla an tSeirbhís Foraoiseachta. Eagraíodh fiche imeacht san iomlán, agus d'fhreastail beagnach 400 úinéir foraoise orthu. Tionóladh formhór na n-imeachtaí seo sa tráthnóna.

**Ag Labhairt faoi Adhmad**
Bhí an tAire Andrew Doyle TD, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le freagracht sa bhForaoiseacht i láthair agus d'oscail sé an ócáin

# SPRIOC 1
## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ



*Tony Cotter, Ambasadóir na hÉireann chun na hAraibe Sádaí, Kevin Lane, príomhfheidhmeannach Ornua, Saeed Bajwaber, cathaoirleach Al Wazeen Trading, Aaron Forde, cathaoirleach Ornua.*

in Inis. D'fhreastail os cionn 500 ar fad ar thrí ócáid 'Ag Labhairt faoi Adhmad' i gCiarraí agus i nDún na nGall chomh maith leis an Clár.

**Ag Labhairt faoi Chrua-adhmaid**
Tionóladh 'Ag Labhairt faoi Chrua-adhmaid', ócáid tionscnaimh Teagasc /an tSeirbhis Foraoiseachta, i gCo. Laoise i mí na Samhna. Trí phríomhghné a bhí san ócáid: taispeántas Táirge/Úsáid Adhmaid - le cur i láthair gearr ó imreoirí an tionscail; cur i láthair faoin Acmhainn Chrua-adhmaid, a úsáidí agus a chumas; rannóg líonraithe le 25 seastán trádála.

D'oscail an tAire Stáit Andrew Doyle TD imeacht 'Labhairt faoi Chrua-admhaid' go foirmiúil. D'fhreastail 250 ar an ócáid.

**Sceicis Ionracha**
Is mór an bhagairt é an Galar Chalara (Críonadh Siar Fuinseoga) dár bhfuinseoga dúchasacha, rud a chuirfeadh seancheirt déanamh na gcamán i mbaol. Mar a mhínigh taighdeoir foraoiseachta Teagasc Gerry Douglas: "Tá líon na gcásanna deimhnithe Críonadh Siar Fuinseoige (Chalara) méadaithe in ainnneoin na n-iarrachtaí leis an bhfungas a dhíothú, fungas a mharaíonn gasanna, agus tar éis roinnt blianta, atá in ann crainn a mharú. Scaiptear críonadh siar fuinseoige le spóir fhungasacha a thaistealaíonn i gcian agus i gcóngar san aer.

"Tá frithsheasamh ag speicis fuinseoige ón Áis i gcoinne galar críonadh siar agus tá Teagasc ag iarraidh iad a chrosphórú le fuinseog na hÉireann mar chéad chéim chun an frithsheasamh a aistriú go fuinseog na hÉireann. Beidh codán an-bheag dár gcrainn dhúchasacha frithsheasmhach agus is féidir linn iad a úsáid le haghaidh iomadú fásúil agus mar bhonn le haghaidh síolta frithsheasmhacha a phórú agus a tháirgeadh," arsa Gerry Douglas. Tá taighde Teagasc dírithe ar chrainn fhrithsheasmhacha a aithint agus na modhanna is éifeachtaí a fhorbairt le plandaí frithsheasmhacha a chur ar fáil amach anseo.

## BIA

**Saoráid Déantúsaíochta**
D'oscail Ornua, an t-easpórtálaí táirgí déiríochta is mó in Éirinn, saoráid nua déantúsaíochta cáise

i Riyadh, san Araib Shádach. Beidh cáiseanna bána á ndéanamh sa saoráid úrscothach €20 milliún don mhargadh Sádach, an cúigiú iompórtálaí déiríochta is mó ar domhan.

Bainfidh an tsaoráid nua úsáid as teicneolaíocht cheannródaíoch atá forbartha ag Ornua agus Teagasc le réimse cáiseanna saincheaptha a tháirgeadh d'earnáil bháicéireachta, deilithe miondíola agus custaiméirí seirbhíse bia atá ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí. Tá an-tóir ar cháiseanna bána i réigiún an Mheán Oirthit agus Thuaisceart na hAfraice. Leis an teicneolaíocht nua is féidir comhábhair bainne a ath-chomhcheangal le cáis úr bhán a tháirgeadh.

**Comhdháil an Aontas Idirnáisúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia**

Tháinig os cionn 1,800 eolaithe bia, innealtóirí, gairmeoirí i dtionscal an bhia, údaráis rialacháin, agus mic léinn as gach cearn den domhan le chéile i mBaile Átha Cliath don mhór-ócáid seo a bhí á óstáil ag Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann. Dúirt Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle: "Tá lúcháir ar Teagasc a bheith i bpáirt le IUFOST agus IFSTI leis an chomhdháil seo a eagrú, a chabhróidh lenár dtaighdeoirí comhoibriú agus malartú faisnéise idirnáisiúnta a fhorbairt. Nuair a thugtar na heolaithe bia is fearr ar domhan le chéile i mBaile Átha Cliath éascaítear malartú eolais agus oideachais. Tugann sé deis thábhachtach do na cuideachtaí idirnáisiúnta bia malartú a dhéanamh le pobal eolaíochta an bhia ar son leasa chách."

Dúirt Declan Troy, Uachtarán Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann (IFSTI) agus Teagasc: "Le níos mó ná 500 eagraíocht éagsúil i láthair ó 65 tír, is comhoibriú domhanda




*An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Michael Creed, TD, ag labhairt ag Comhdháil IUFOST.*

# SPRIOC 1
## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ

gan fasach é seo de na hintinní is cumasaí in eolaíocht bia, i dtaighde agus i nuáil."

**Teicneolaíochta Nuálacha Bia**
labhairt dó ag ócáid Tairsigh Nuála Bia ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath, dúirt Stiúrtóir Aistriú Teicneolaíochta Bia in Teagasc: "Tá méadú i spéis an tionscail i dteicneolaíochta nuálacha le bia a phróiseáil an earnáil bhia ag iarraidh cur lena inbhuanaitheacht chomhshaoil agus eacnamaíochta. "Tá saineolas suntasach ag Teagasc i dteicneolaíochtaí ar nós próiseáil ardbhrú, próiseáil ultrafhuaime, próiseáil nuálach theirmeach agus teicneolaíocht dheighilte. Is féidir na teicneolaíochta seo a úsáid le táirgí nuálacha, sábháilte inbhuanaithe bia den chaighdeán is airde a dhéanamh, agus todhchaí na hearnála bia in Éirinn a mhúnlú."

Cuireadh teicneolaíochta, iniúlachtaí, seirbhisí agus saineolas nuálach reatha próiseála ar taispeáint le linn na hócáide agus bhí fóram uathúil ann don idirghníomhú duine le duine idir taighdeoirí tábhachtacha agus ionadaithe suntasacha ó thionscal an bhia.

**Uas-sciliú Earnáil Feola na hÉireann**
Glactar leis anois go bhfuil baint dhíreach idir dea-chleachtais leasa agus caighdeán na feola. Is dlúthchuid de na scéimeanna deimhniú cáilíochta i bhfeirmeacha agus i seamlais é an dea-leas agus is ardán tábhachtach é le haghaidh trádáil náisiúnta agus idirnáisiúnta feola na hÉireann.

Ag freagairt do rialacháin nua leas ainmhithe agus an riachtanas le caighdeán deiridh na feola a fheabhsú thiomsaigh Teagasc clár cuimsitheach oiliúna i réimse na n-iniúlachtaí agus na bainistíochta leasa faoi dhlínse na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Go dtí seo tá uas-sciliú déanta ar níos mó ná 3,500 oibriú sa tionscal feola lena n-áirítear foireann bhainistíochta as níos mó ná 150 cuideachta próiseála feola, ó chuideachtaí móra ilnáisiúnta agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide a fuair uas-sciliú trí dhá chlár deimhnithe oiliúna. Fuair Oifig Bia agus Tréidliachta an AE rochtain ar an gclár agus tá sé bailíochtaithe acu.

**Teastas Iarchéime i dTeicneolaíocht agus Nuáil Déiríochta**
I gcomhar le Teagasc, tá cáilíocht an-nuálach, tionscal-dhirithe, páirtaimseartha le foghlam chumaiscthe forbartha ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh le tacú le riachtanais breisoideachais agus oiliúna na ndaoine atá ag obair sa tionscal déiríochta.

I measc na modúl tá táirgíocht agus cáilíocht bhainne, ceimic déiríochta, treochtaí agus dinimicí sna margaí déiríochta, teicneolaíocht próiseála déiríochta, micribhitheolaíocht déiríochta agus próisis ghnó sa soláthair. Beidh an clár faoir threoir an mhargaidh agus á sheachadadh trí fhoghlaim chumaiscthe .i. meascán de cheachtanna ar líne agus sa rang, ar mhaithe le daoine atá ag obair sa tionscal.

**Comhdháil Chónaidhm Idirnáisiúnta Déiríochta**
Cuir an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na hÉireann den IDF agus Cathaoirleach Údarás Teagasc fáilte roimh 600 eolaí déiríochta, teicneolaithe, foirmlitheoirí bia agus innealtóirí próisis ón saol acadúil agus tionsclaíochta i 32 tír, a d'fhreastail ar an ócáid trí lá. I measc buaicphointí na comhdhála bhí:

- Thug an Dr Mark Fenelon taispeántas faoi nuáil Taighde Teagasc na Cloiche Liath i bpróiseáil foirmle bainne naíonán, agus oiriúnú bhainne bó lena thabhairt níos gaire fós do bhainne cíche daonna.

- Thug an Dr Paul Cotter, as Clár Taighde Bia Teagasc, forléargas ar an gcaoi a bhfuil na huirlisí diagnóiseacha móilíneacha is déanaí, ar nós cur chuige bunaithe ar aigéad núicléasach le máchailí cáise míocróibeacha a fhiosrú.

An Dr Noel Cawley, Cathaoirleach, Coiste Náisiúnta IDF, agus Cathaoirleach Teagasc, le Kevin Lane, Príomhfheidhmeannach Ornua, ag Siompóisiam Eolaíocht agus Teicneolaíocht Déiríochta an IDF 2016 a chuir fáilte roimh os cionn 600 toscairí idirniásiúnta.

**Béiteaghlúcan Coirce, Ar son Croí agus micrea-bhithóm níos Sláintiúla**
Tá sé deimhnithe ag eolaithe Institiúid Mhicrea-bhithóm APC i gCorcaigh go bhfuil míocróib stéige ríthábhachtach do shláinte croí. Agus gur cheart dúinn go léir leite a ithe go rialta, le buntáistí béiteaghlúcan a fháil don sláinte croí agus stéige. Léirigh an staidéar ní amháin go laghdaítear colaistéaróil fola i lucha nuair a itear béiteaghlúcan coirce, ach go gcabhraíonn sé le meáchain an choirp a choinneáil síos agus go ndéanann sé leas to mhicrea-bhiothra na stéige - an pobal baictéire a mhaireann sna stéigeanna.

"Má itear leite go rialta laghdaítear

an baol galar cardashoitheach, sin í an teachtaireacht", a dúirt an tOllamh Catherine Stanton, treoraí an taighde in Institiúid Micrea-bhithóm APC agus in Ionad Taighde Bia Teagasc, an Chloch Liath, Co. Chorcaí.

## BAINISTÍOCHT FEIRME

**Sreabhadh airgid**
Tá sé mar aidhm ag clár "Bainistíocht Feirme' Teagasc, agus an feachtas 'Cur caoi ar Chúrsaí Airgeadais na Feirme' feirmeoirí a chumasú le cinntí maithe airgeadais a dhéanamh ar a gcuid feirmeacha le ioncam na feirme a mhéadú agus a bailitheacht fhadtéarmach a fheabhsú.

Ma chuid de 'Cuir Caoi ar Airgeadas na Feirme' d'fhorbair faoirenn Bainistíocht Feirme Teagasc teimpléid 'Sreabhadh Airgid i 5 Nóiméad' le cabhrú le feirmeoirí sreabhadh airgid a fheabhsú i bhfiontair Déiríochta, Stoc Tirim agus Curaíochta.

Chuir praghsanna ísle bainne, costais mhéadithe agus drochaimsir in Earrach na bliana 2016 isteach go mór ar phleananna ar fheirmeacha déiríochta go háirithe. Bhí an-tionchar aige seo ar shreabhadh airgid.

Dáileadh an teimpléad déiríochta chuig gach feirmeoir déiríochta sa tír trí na próiseálaithe bainne i gcomhar le Fóram Bainne na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Áirítear i measc na moltaí sa teimpléad:
Gníomhaigh go luath, má dhéantar moill beidh an staid níos measa agus níos mó strus ann dá bharr. Bí réalaíoch agus ionraic agus do phlean Sreabhadh Airgid á fhorbairt agat. Téigh i gcomhairle le do Chomhairleoir Teagasc, do Chomhairleoir Talmhaíochta nó do chuntasóir le plean a chruthú. Tá an saineolas agus an taithí acu le cabhrú leat plean Sreabhadh Airgid a fhorbairt do do ghnó. Roghnaigh cur chuige le do phlean Rogha Airgid mar bhunús le haghaidh idirbheartaíocht le soláthraithe agus le bancanna. Tabharfaidh creidiúnaithe freagra níos fearr ar bhuiséid réadúla agus ar theilgean suas chun dáta ar shreabhadh airgid.

**Comhpháirtíochtaí**
Tá Aonad Bainistíocht Feirme Teagasc freagrach as comhpháirtíochtaí feirme a fhorbairt agus a chur chun cinn i dtalmhaíocht na hÉireann. Thug Teagasc lucht gairmiúil a bhíonn ag obair le feirmeoirí le chéile i sraith imeachtaí oiliúna le faisnéis a sholáthar faoin eolas comhchoiteann atá ag teastáil le comhphairtíocht chláraithe feirme a chruthú.

**Tionchar Brexit ar Thalmhaíocht na hÉireann a shamhaltú**
D'fhéadfadh Brexit athrú bunúsach a dhéanamh ar an gcaidreamh trádála idir Éirinn agus an RA, agus tionchar a imirt ar an leibhéal tacaíochta a thugann an Comhbheartas Talmhaíochta. Is í an RA fós an príomh-mhargadh easpórtála talmhaíochta agus bia d'Éirinn.

Tá cainníochtú déanta ag taighde Teagasc ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar thalmhaiocht na hÉireann, ar easpórtálacha agraibhia na hÉireann agus ar ioncam feirmeacha in Éirinn. Díríodh aird san anailís ar íogaireacht na hearnála maidir le bacainn trádála níos airde agus tionchar diúltach Brexit ar bhuiséad an AE agus an Chomhbheartais Talmhaíochta.

Is í earnái lna mairteola an earnáil agraibhia is íogaire mar go bhfuil sí ag brath faoi láthair ar mhargadh na RA agus go bhféadfadh laghdú teacht ar na híocaíochtaí díreachta mar thoradh ar BREXIT.
Bhí an taighde seo mar threoir ar thuiscint an Rialtais agus an tionscail ar phróiseas Brexit agus ar an bhagairt atá ann d'agraibhia na hÉireann agus don gheilleagar go ginearálta.

## MUCA

**Saoráid nua Taighde**
Ba é críochnú Saoráid Taighde Muca Teagasc sa Chloch Liath buaicphointe  na bliana 2016.. Rinneadh réamhbhreithniú ar an tsaoráid nua ag deireadh mhí na Bealtaine, agus 300 duine ar cuairt thar dhá lá. Tá tréad úrscothach 200 cráin ag Teagasc anois sa saoráid chomhtháite taighde tréada, tá líon na foirne taighde ag fás agus tá clár taighde ann atá faoi threoir táirgeoirí muca agus an tionscail.

**Naisc Idirnáisiúnta**
Bhí foireann Roinn Forbartha Muca Teagasc páirteach i gcomhdhálacha ardphróifíle idirnáisiúnta i rith na bliana, agus rinne siad cur i láthair iontu, lena n-áirítear Comhdháil Táirgeoirí Muca na hEorpa; an Chomhdháil Eolaíocht Tréidliachta Muc Idirnáisiúnta; an Chomhdháil Idirnáisiúnta Galar Táirgíochta; Comhnaidhm Eolaíocht Ainmhithe na hEorpa/ agus aon Chmhdháil Idirnáisiúnta Aoileach Beostoic.

Ceadaíodh cistiú AE do thionscadal EUPIG i mí Lúnasa. Is líonra é EUPIG atá ar fud na hEorpa, a




*Ciaran Carroll (ar dheis) ag labhairt le lucht freastail ag Lá Chraobhscaoileadh Taighde Teagasc.*

cruthaíodh le feabhas a chur ar thionscal na muca agus tá sé comhdhéanta de 19 eagraíocht (lena n-áirítear Teagasc) as 13 ballstát san Eoraip.
Déanfaidh an líonra torthaí comhordú, comhoibriú, agus comhroinnt ar thorthaí ó thaighde réamhgheata feirme atá ann cheana, déanfar an cleachtas is fearr ar tháirgíocht theicniúil a chomhroinnt agus roinnt an cur chuige i leith aistriú eolais le táirgeoirí muca agus comhairleoirí gaolmhara.

**Comhairle agus Oideachas**
Foilsíodh cáipéis Chlár Taighde, Comhairle, Oideachais agus Oiliúna Teagasc 2016-2020 agus dáileadh í. Rinne Grúpa Pháirtithe Leasmhara Muca Teagasc athbhreithniú ar an cháipéis

Eagraíodh an dara Lá Craobhscaoileadh Taighde i mí Aibreáin mar ar thug lucht taighde agus mic léinn sonraí faoina dtionscadail. Tá seachtar taighdeoir agus 16 mac léinn iarchéime ag obair anois ar thionscadail éagsúla. Cuirtear béim i gcónaí ar chuairteanna ar fheirmeacha d'fhonn faisnéis a thabhairt d'fheirmeoirí muc agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht reatha ar an fheirm. Tá anailís ar thaifid chruinne riachtanach ionas go n-éireoidh leis seo agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn in 2016, le 97,000 cráin (65% den tréad náisiúnta) ar chóras PigSys anois. Tugann na sonraí ePM data an fhaisnéis atá de dhíth orthu do na comhairleoirí le feabhsúcháin i bhfeidhmíocht agus i spriocanna a mheasúnú agus cumasaíonn sé tagarmharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta (trí rannpháirtíocht Teagasc sa ghrúpa InterPig).

Tugann Grúpaí Plé deis do tháirgeoirí bualadh le feirmeoirí

eile agus a gcuid sonraí agus smaointe a chomhroinnt faoin gcaoi is fearr le feabhsúchán a dhéanamh. Tá seacht ngrúpa á n-éascú anois ag teagasc (le os cionn 70 feirmeoir agus 60,000 cráin páirteach).

Oideachas: in 2016 cuireadh Cúrsa Leibhéal 5 i dTáirgíocht Muca i gcrích, an triú ceann dá chineál ó cuireadh ar bun iad sa bhliain 2009 . Cuireadh tús le cúrsa nua Leibhéal 5 QQI i dtáirgíocht muca i mí Lúnasa, agus d'fhreastail os cionn 40 mac léinn ar Teagasc Bhéal Átha hÉis nó Teagasc An Chloch Liath/Cloch na Coillte.

## OIDEACHAS

Tá an rollú foriomlán coláiste do chúrsaí ardoideachais Leibhéal 5, Leibhéal 6, agus cúrsaí atá nasctha le Teagasc i dtalmhaíocht, gairneoireacht, eachaí agus foraoiseacht don bhliain acadúil 2016/17 cothrom le 1,873. Cé go bhfuil sé sin 5% níos ísle ná 2015, tá an rollú foriomlán cothrom fós le leibhéil 2014 agus 2013.

Dúirt Tony Pettit, ceann Oideachais Teagasc: "Dar leis na sonraí sealadacha iontrála don teastas Leibhéal 5 sa talmhaíocht, chuir 570 mac léinn tús lena staidear, laghdú timpeall 10% i gcomparáid le bliain acadúil 2015/16. Is lucht fágála scoile iad seo den chuid is mó atá ag dul go 4 choláite Teagasc agus choláiste príobháideach.

Dúirt Tony Pettit: "In ainneoin na luaineachta i rollú thar na cláir tá na rolluithe comhtháite iomlána inchomparáide go ginearálta le blianta eile le déanaí. Ach le feabhas i ndeiseanna fostaíochta agus le méadú i rollú in earnálacha eile ar nós cláir phrintíseachtaí ceirde is cosúil go bhfuil buaic eisceachtúil an rollú i gcoláistí talmhaíochta le blianta beag anuas sáraithe."
Tá éileamh an-ard i gcónaí ar chúrsaí Teastas Glas do dhaoine fásta do na roghanna cianstaidéir agus páirtaimeartha, ar seisean: "Tá Teagasc ag súil go mbeidh freastal déanta ar rollú de beagnach 4,400 ar an chlár Teastas Glas sa tréimhse ó fhómhar na bliana 2014 go deireadh 2016. Tá freastal le déanamh fós ar 3,600 duine eile a bhfuil a spéis léirithe go foirmiúil acu i gclár Teastas Glas Teagasc."

**Gníomhaíochtaí Aistriú Eolais Oideachais agus Aschuir**

**Táscairí Gníomhaíochta do Choláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta a bhaineann le dámhachtainí lánaimseartha**

| Earnáil | | Rolluithe Beartaithe 2016 | Rolluithe iarbhir 2016 |
|---|---|---|---|
| Ardleibhéal | Cláir Ardleibhéil Talmhaíochta | 400 | 401 |
| | Bainistíocht ghairmiúil Feirmeacha Déir | 45 | 27 |
| | Gairneoireacht/ Foraoiseacht/ Eol Bia | 40 | 73 |
| **Iomlán Ardleibhéal (seachas for/eol.bia** | | **485** | **501** |
| Leibh Breise (lánaimseartha) | Teast Leibhéal 5 i dTalmhaíocht | 630 | 569 |
| | Teastas Glas Choláiste (SPCFA) | 390 | 382 |
| | Ardchúrsaí Leibhéal 6 Talmh | 240 | 210 |
| | Cúrsaí Gairneoireachta (léibhéil 5/6) | 133 | 74 |
| | Eile (eachlach/ foraoiseacht L5 agus L6) | 100 | 99 |
| **Iomlán Breisoid** | | **1493** | **1334** |
| Táscairí Feidhmíochta | Cóimheas mic léinn/foireann | 19:1 | 18:1 |
| | Costas de réir an mac léinn | €7,000 | €7,000 |
| | Sprioc Críche don CIA Leibhéal 5 | 90% | 90% |

### 4.2.8.2 Teastas Glas Aosach*

| Táscaire Feidhmíochta | Rollú Páirtaimseartha Beartaithe 2016 | Rollú iarbhír Páirtaimseartha 2016 | Rollú Beartaithe Cianoideachais 2016 | Rollú Iarbhír Cianoideachais 2016 | Iomlán Beartaithe Teastas Glas Aosach | Iomlán Iarbhír Teastas Glas Aosach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rolluithe | 500 | 415* | 946 | 692* | 1446 | 1107* |

** Tá rolluithe Teastas Glas Aosach as a riocht mar gur éiligh an R. Talmh, Bia agus Mara rollú éigeandála iarratasóirí go déanamh in 2015.*

**Dioplóma i mBainistíocht Feirm Déiríochta**

Fuair an chéad ghlúin eile de bhainisteoirí feirmeacha déiríochta a gcéimeanna sa Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Feirmeacha Déiríochta Teagasc/ UCD i mí na Nollag. Bhronn an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle TD, a ndioplómaí orthu ag searmanas dámhachtaine ag Ionad Taighde agus Nuála Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc, An Chloch Liath, Co. Chorcaí. Tháinig na céimithe ó chian agus ó chóngar, ó Dhún na nGall go Port Láirge. Past D'éirigh le céimithe roimhe seo fostaíocht a ghnóthú mar bhainisteoirí feirme i dtíortha ar nós na hÉireann, na Nua-Shéalainne agus na hAraibe Sádaí, agus d'fill cuid acu abhaile le bainistíocht a dhéanamh ar a bhfeirm féin.

**Cúrsaí Gairneoireachta**

Sheol Coláiste Gairneoireachta Fóntais ag Garraithe Náisiúnta na Lus i mBaile Átha Cliath sraith nua cúrsaí páirtaimseartha/ obairbhunaithe don earnáil ghairneoireachta. Beidh trí dhámhachtain nua QQI Leibhéal 6 á dtairiscint in Éiceolaíocht agus An Chomhshaol, in oibríochtaí ionad garraíodóireachta agus i mbainistíochta crann agus tom Cuirfear iad leis na dámhachtana atá ann cheana: Eolaíocht agus Cothabháil Fód Spóirt, Garraíodóireacht Margaidh, Táirgíocht Stoc Plandlainne agus Dearadh agus Tógáil Tírdhreacha.




*Céimithe sa Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Feirmeacha Déiríochta le Andrew Doyle, Aire Stáit le Bia, Foraoiseacht agus Gairneoireacht, an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, an Dr. Marion Beecher, Comhordaitheoir Clár Teagasc agus an Dr Karina Pierce, UCD sa Chloch Liath.*

## SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA

**Gníomhaíochtaí agus Aschuir Aistriú Eolais (2016)**

| Táscaire | | Iomlán do 2016 | B&T Déiríocht | B&T Stoc Tirim | B&T Curaíocht | Ithreacha & Comhsh Tal |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Comhairleoirí** | | **228.17** | **81.3** | **105.17** | **14.20** | **27.5** |
| 1 | Cliaint | 42,115 | 11,323 | 23,005 | 2,189 | 5,598 |
| 2 | Cuairteanna | 12,925 | 6,311 | 4,540 | 1,195 | 879 |
| 3 | Comhairliúcháin | 77,257 | 25,442 | 37,295 | 4,642 | 9,878 |
| 4 | Grúpaí Plé/Tionscadail | 771 | 304 | 426 | 41 | |
| 5 | Líon na bhfeirmeoirí i ngrúpaí | 12,359 | 4,711 | 6,991 | 657 | |
| **Gníomhaíochtaí Pleanála Feirme** | | | | | | |
| 6 | BPS curtha faoi bhráid | 41,880 | 8,662 | 19,631 | 2,051 | 11,536 |
| 7 | Monatóirí eProfit Teagasc | 3,286 | 2,069 | 1,138 | 30 | 49 |
| 8 | Leabhair saothair D'fheirm do Phlean | 275 | 105 | 170 | 0 | 0 |
| 9 | Pleananna Gnó Lánfheirme | 294 | 185 | 61 | 20 | 28 |
| **Gníomhaíochtaí Comhshaoil / Rialacháin** | | | | | | |
| 10 | Pleananna Simplí Leasúcháin | 6,312 | 2,335 | 2,663 | 663 | 951 |
| 11 | Maoluithe Nua | 465 | 424 | 25 | 2 | 14 |
| 12 | Athnuachan/athbhreithnithe Maoluithe | 3,703 | 3,366 | 256 | 18 | 63 |
| 13 | Tacaíocht Thras-Oiriúnaithe | 2,386 | 659 | 1,018 | 279 | 430 |
| 14 | TAMS | 1,180 | 661 | 428 | | 91 |
| 15 | Comhairliúcháin Glas | 994 | | 994 | | |
| 17 | GLAS T3 (seachfhoinsithe) | 3,021 pleananna glactha | | | | |
| 18 | GLAS 1 NMP | 3,787 (ar marthain) | | | | |
| 19 | Loingseoirí carbóin | 10,908 | | | | |
| **Eile** | | | | | | |
| 20 | Cliaint Nua comhairliúcháin | 4.4% (1,840) | | | | |
| 21 | Líon Feirmeach NÍOS FEAR/Faireachais | 95 | 48 | 44 | 2 | 1 |
| 22 | Iomlán cruinnithe/seimineár | 475 | 150 | 247 | 34 | 44 |
| 23 | Iomlán siúlóid feirmeí/taispeántais/eile | 375 | 252 | 68 | 39 | 16 |

# SPRIOC 1
## IOMAÍOCHAS NA TALMHAÍOCHTA, AN BHIA AGUS AN BHITHGHEILLEAGAIR I GCOITINNE A FHEABHSÚ

**Feachtas Rathúil Scéim Buníocaíochtaí Feirme**
Chríochnaigh Teagasc níos mó ná 40,000 iarratas Scéim Buníocaíochta thar ceann feirmeoirí a bhí ina gcliaint i mbliana agus rinneadh 39,000 sin ar líne. Ag labhairt faoi fheachtas Buníocaíochtaí Teagasc dúirt Dermot McCarthy, Ceann Seirbhísí Comhairleacha Teagasc: "Thosaigh an feachtas go mall i mbiana, ach d'oibrigh an córas ar líne go maith agus próiseáladh na cliaint laistigh de spriocam na Roinne Talmhaíochta, Bia agus mara agus lean imeachtaí poiblí agus cláir plé grúpa teagasc ar aghaidh gan chur isteach."

**Pleananna Oibre**
Tá tacar de 2025 plean oibre earnálacha foilsithe ag Teagasc. Clúdaítear mairt diúil, déiríocht, caoraigh, muca, curaíocht, foraoiseacht, gairneoireacht, an comhshaol agus bia sa naoi bplean oibre. I ngach ceann de na pleananna oibre imlínítear na saincheisteanna tábhachtacha margaidha agus beartais a bhféadfadh an earnáil a bheith ag plé leis idir seo agus 2025, chomh maith le méid agus cruth na n-earnálacha aonair.

Fiosraítear na himpleachtaí comhshaoil agus talamhúsáide agus foilsítear na feidhmíochtaí criticiúla teicniúla a bheith ag teastáil sna fiontair éagsúla d'fheirmeoirí ionas gur féidir leo tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht a bhfeirme féin.

*An comhairleoir Teagasc Liz Duffy agus an feirmeoir déiríochta Maurice Smiddy ag oifig Teagasc i Mainistir na Corann.*





An tÚdarás
Talmhaíochta agus
Forbartha Bia

# SPRIOC 2

## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# GOAL 2
## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL

### ITHREACHA

**Leabhar Glas**
Tá foilsiú leabhrán agus treoirleabhar ar cheann de mhórfhreagrachtaí fhoireann taighde Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin le comhairle faoi chothaithigh agus riandúile a thabhairt ar son féarach agus barra. Tugtar comhairle chuimsitheach sa 4ú heagrán den lámhleabhar comhairle cothaitheach "Leabhar Glas Teagasc" a d'fhoilsigh Wall and Plunkett in 2016 le haghaidh gach príomhchóras feirmeoireachta.

Tá dóthain faisnéise sa bhfoilseachán le cur ar chumas comhairleoirí feirme agus sainchomhairleoirí leibhéil optamacha de chothaithigh móra agus miona a ordú ar son na mbarra talmhaíochta agus gairneoireacht ghoirt is tábhachtaí. Tá faisnéis agus nuashonraí ann atá bunaithe ar na torthaí eolaíochta is déanaí agus comhlíonann siad an reachtaíocht is déanaí ón Eoraip agus as Éirinn maidir le cothaithigh a bhainistiú sa talmhaíocht. Bhí Cumann Leasúchán na hÉireann agus Ollscoil Adelaide ag comhoibriú le Teagasc ar an bhfoilseachán.

**NMP Online**
Is eochair-uirlis í an phleanáil le haghaidh bainistiú cothaitheach d'fheirmeoirí le táirgiúlacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach agus iad ag iarraidh torthaí comhshaoil feabhsaithe a bhaint amach chomh maith. Nuair a tugadh isteach creat-treoracha Níotráite agus Uisce d'éirigh pleanáil bainistiú cothaitheach an-chasta agus bhí sí dírithe den chuid is mó ar riachtanais reachtúla a shásamh. Thit torthúlacht na hithreach dá bharr seo agus cailleadh deiseanna le torthaí comhshaoil níos fearr a bhaint amach.

Rinneadh NMP Online a fhorbairt mar áis do chomhairleoirí talmhaíochta agus do shainchomhairleoirí agus tá úsáid bainte as le pleananna bainistiú cothaitheach a ullmhú do beagnach 40,000 feirmeoir go dtí seo. Tá oiliúint tugtha do beagnach 800 agus anois is é seo an córas a éilíonn an R.Talmhaíochta Bia agus Mara le pleananna bainistiú cothaitheach Glas agus maolaithe a chur faoi bhráid.

Cé gurb é comhlíonadh na scéime fócas tosaigh na bpleananna bainistiú cothaitheach, is é príomhneart an chórais go bhfuil sé ar achumas teachtaireachtaí tábhachtacha a thabhairt d'fheirmeoirí maidir le torthúlacht ithreach. Dearadh an córas le hinchur ó na feirmeoirí. Chuir na feirmeoirí in iúl go háirithe gur fearr leo aschuir atá bunaithe ar ghrafaicí agus léarscáileanna mar go bhfuil siad níos éasca a thuiscint agus a leanúint. Cuireann NMP Online léarscáileanna mionsonraithe ar fáil atá éasca a úsáid ag feirmeoirí maidir le gach comhpháirt den bhainistiú torthúlacht ithreach.

### GÁSANNA CEAPTHA TEASA

Is í an talmhaíocht is údar do os cionn 30% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn agus tá an ocsaíd nitriúil ($N_2O$) ón ithir ina cionsiocair mhór d'astaíochtaí na hÉireann. Bunaithe ar chúinsí réamhshocraithe astaíochta, tá leasúcháin nitrigine agus aoileach/ fual ainmhithe atá ag innilt ina cionsiocair do 41 agus 27% d'astaíochtaí $N_2O$ na hÉireann.

Tá cúinsí sonracha astaíochta d'Éirinn as cúig láthair foilsithe leis an taighde a rinneadh in Teagasc Caisleán Bhaile Sheáin le haghaidh leasúcháin agus aoileach/fual thar dhá bhliain. Den chéad uair tá cúinsí astaíochta sonracha de 1.49% bunaithe le haghaidh nitráit chailciam amóiniam, 0.4% le haghaidh úiré chosanta agus 0.25% le haghaidh úiré1 i gcomparáid le luach réamhcheaptha de 1%. Tá na cúinsí astaíochta le haghaidh aoiligh agus fuail laghdaithe ó 2% go 0.31 agus 1.18%, faoi seach.

De thoradh na gcúinsí sonracha sa tír seo tá laghdú de c.0.7 MT $CO_2$ ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá roghanna cógas leasúcháin ar chostas íseal ar fáil anois d'fheirmeoirí le hastaíochta gás ceaptha teasa a laghdú. Tá an foinse N deighilte de bharr an taighde seo le leasúchán ag méadú ó 27 go 38% agus aoileach/fual ag laghdú ó 41 go 23% d'astaíochta $N_2O$. Chuir an taighde seo le Plean Maolú Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015.

**Spriocanna Gás Ceaptha Teasa agus Táirgeacht Talmhaíochta a chothromú**
Aibhsíodh bealaí praiticiúla sa taighde a rinne Teagasc agus an Instiúid Agraibhia agus Eolaíochta Bitheach (AFBI) lenar féidir leis an talmhaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, táirgeacht a chothabháil agus airgead a shábháil d'fheirmeoirí. In 2016 chuir eolaithe ó Teagasc agus AFBI eochairthorthaí ó thriail il-láthair agus ilbhliana allamuigh inar díríodh ar thalamh féarach agus eorna earraigh i láthair. Rinneadh measúnú sna trialacha seo ar thionchair fhoirmliú leasúcháin agus eisfhearaithe orgánacha ar an ngás cumhachtach ceaptha

teasa $N_2O$ agus ar an truailleán aeir amóinia ($NH_3$).

Léirítear na torthaí seo a leanas ó na trialacha allamuigh il-láthair agus ilbhliana seo:

- Is í an Nitrigin as leasúchán an príomhfhoinse den ghás cumhachtach ceaptha teasa N2O ar fheirmeacha na hÉireann.
- Ag úsáid meán as gach láthair féaraigh, nuair a athraíodh ó CAN (Niotráit Calciam Amóiniam) go úiré le cóireáil NBPT (coscaire Urease) rinneadh laghdú ar astaíochtaí díreacha N2O de 73%
- Bhí na barra céanna agus an glanadh N le fáil go comhsheasmhach ó úiré CAN agus cóireáil NBPT i bhféarach agus in eorna earraigh.
- Bhí glanadh N níos ísle ag úiré gan chóireáil agus níos lú éifeacht leis dá bharr ná mar a bhí le úiré le cóireáil agus CAN.
- Rinne NBPT laghdú 78.5% ar ghalú NH3 ó leasúchán úiré. Tá úiré le cóireáil NBPT beagnach coibhéiseach le CAN ó thaobh cailliúint NH3 dá thoradh sin.
- Bíonn úiré le cóireáil NBPT níos saoire de ghnáth ná CAN

**OÉ Gaillimh agus Teagasc ag obair i gcomhar**

Is mór an dúshlán d'Éirinn astaíochtaí gás ceaptha teasa ón táirgeacht bainne agus feola. Le dul i ngleis leis an dúshlán agus le dúshláin ghaolmhara eile, tá Comhghuallaíocht Straitéiseach Taighde augs Oiliúna um Thalmhaíocht Neodrach ó thaobh Carbóin bunaithe ag Teagasc agus OÉ Gaillimh.

Deifreoidh an chomhpháirtíocht nua punann idirdhisciplineach de mhodhanna oiliúna agus taighde agus nuála.

*I láthair ag síniú an chomhaontaithe (ó chlé) An tOllamh Charles Spillane, ceann Ionad Taighde Plandaí agus Agra-Eolaíocht Bhirheach (PABC) in OÉ Gaillimh; Uachtarán OÉ Gaillimh an Dr Jim Browne; an tAire Sean Kyne, TD Aire Stáit Gnóthai Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha thar ceann an Aire Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Acmhainní Nádúrtha; Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle; agus an Dr Cathal O'Donoghue, Teagasc.*



# GOAL 2
## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL




*D'oscail an tAire Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten TD (an dara duine ó chlé) 'Fuinneamh sa Talmhaíocht'. Sa phictiúr chomh maith: Mike Pearson, príomhoide Choláiste an Ghoirtín, Siobhan Ambrose, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, an tOll. Gerry Boyle agus Paul Kenny, PO Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann.*

### FUINNEAMH SA TALMHAÍOCHT

Eagraíodh 'Fuinneamh sa Talmhaíocht 2016' i gColáiste Talmhaíochta an Ghoirtín, Contae Thiobraid Árann i mí Lúnasa. Is í seo an chéad ócáid inar fhéachadh ar dheiseanna éagsúla sábháil fuinnimh d'fheirmeoirí agus ar dheiseanna imlonnú fuinnimh inathnuaite sna hearnálacha éagsúla. D'eagraigh Teagasc an ócáid i gcomhar le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann le tacaíocht ó SEAI.

Ba é an tAire Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten TD (an dara duine ó chlé) a d'oscail 'Fuinneamh sa Talmhaíocht'. Labhair sé faoin ngá atá le dícharbónú a dhéanamh ar chóras fuinnimh na hÉireann, ár spleáchas ar bhreoslaí iompórtáilte iontaise a mhaolú agus dul i dtreo fhoinsí níos glaine agus níos glaise. Luaigh sé an treoir atá

tugtha ag an talmhaíocht mar a bhfuil an lorg carbóin is ísle don táirgeacht déiríochta san Eoraip ag Éirinn agus an cúigiú lorg is ísle do tháirgeacht mairteola.

Dúirt an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc: 'Níl san éifeachtúlacht fuinnimh agus glacadh le teicneolaíocht éifeachtúil, lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite, ach dhá cheann de na bealaí inar féidir le gnó feirmeoireachta a iomaíochas a fheabhsú agus a lorg carbóin a ísliú. Is mó seans go mbeidh feirm éifeachtúil ina feirm bhrabúsach, le hastaíochtaí carbóin níos ísle de réir an aonad aschuir. Mar shampla - astaíochtaí carbóin de réir an kilo mairteola nó an líotar bainne a tháirgtear."

## UISCE

**Bainistiú Leasúchán Orgánacha**
Léirigh taighde ó Chlár Dobharcheantar Talmhaíochta Teagasc gur beag fianaise a bhí ann de sciodar beostoic i srutháin nuair a bhí an 'tréimhse dúnta' do scaipeadh sciodair thart. Ciallaíonn sé seon nach raibh sciodar á scaipeadh ag feirmeoirí ag an am seo, nó go raibh siad á scaipeadh i bpáirteanna dá bhfeirmeacha ar lú an seans go mbeadh sé nite as. Bhí comharthaí áirithe de shileadh sciodar beostoic áfach ann ag tús na tréimhse dúnta, i gcuid de na dobharcheantair a ndearnadh staidéar orthu. Tharla sé seo nuair a tháinig stoirmeacha fómhair go luath tar éis na laethanta deireanacha den 'tréimhse oscailte'. Fuarthas na comharthaí seo freisin le linn samhradh 2012 a bhí an-fhliuch nuair a bhí na hithreacha fliuch agus stoirmeacha ann le linn gnáthscaipeadh an tsamhraidh. Bhí fianaise ann gur cailleadh cothaithigh eile le linn na tréimhse dúnta agus léirigh an anailís gurb as foinsí iarmharacha ithreach seachas as sciodar scaipthe a tháinig siad seo. Léiríonn sé seo gur féidir cothaithigh a scaipeadh blianta roimhe seo, nó fiú na deicheanna de bhlianta, a bheith caillte san uisce anois, agus amach anseo. Dúirt an Dr Mairead Shore, hidricheimiceoir le Clár Dobharcheantar Talmhaíochta Teagasc: "Tá toradh an taighde seo bunaithe ar níos mó ná ceithre bliana de mhionsonraí a bailíodh sna Dobharcheantair Talmhaíochta le linn stoirmeacha nuair a bhítear ag súil le sileadh dromchla, agus léiríonn sé go han-chruinn, na tiúchain de chothaitheach in uisce atá ag sreabhadh as na dobharcheantair. Ní dócha go mbeadh samplaí nach mbeadh chomh mion in ann na patrúin seo a phiocadh ama mar nach maireann sileadh dromchla ach tréimhse ghearr. Baineadh úsáis as an gaol iidir fosfar agus sil-leagan in as-sreabhadh abhann agus cineálacha éagsúla nítrigine chomh maith san anailís."

**Teagasc agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**
Chuir Teagasc agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann le doimhneacht a gcaidreamh

*Tá doimhneacht á cur ag Teagasc agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann lena gcaidreamh fadsaolach oibre le síniú Meabhrán Tuisceana. Shínigh an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc agus an Dr. Koen Verbruggen, Stiúrthóir SGÉ an comhaontú ag Ionad Taighde Teagasc i mBaile an Ásaigh.*



# GOAL 2
## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL

fadsaolach oibre nuair shínigh an tOllamh Gerry Boyle Stiúrthóir Teagasc agus an Dr Koen Verbruggen, Stiúrthóir SGÉ Meabhrán Tuisceana i mí Dheireadh Fómhair.

Ag labhairt ag an ócáid, dúirt an tOllamh Boyle:"Agus muid ag breathnú romhainn, beidh an dá eagraíocht ag obair go dlúth le chéile i réimsí comhspéise, le feabhas a chur ar ár dtuiscint ar cheimic ithreach, agus ag úsáid Tellus le tuiscint níos fearr a dháil ar athraitheacht na hithreach náisiúnta agus ar na himpleachtaí má tá spriocanna forleathnú Food Wise 2025 le baint amach."

Dúirt Koen Verbruggen: "Cabhróidh an comhaontú seo le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chóras Faisnéise Ithreach d'Éirinn trí chomhtháthú sonraí idir Teagasc agus SGÉ a fheabhsú agus measúnú feabhsaithe a dhéanamh ar thionchar na talmhaíochta ar screamhuisce agus uisce dromchla trí feirmeacha i gceantair ard-riosca a shainaithint. Táimid ag súil go bhfeabhsófar an tuiscint ar cheantair a bhfuil cumas dóthanach maolaithe nádúrtha iontu chun ár n-uiscí a chosaint."



*Ag Seimineár TCF Teagasc sa Talmhaíocht (ó chlé): An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc leis an Dr. Richard Howell, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Dr. John Bell, An Coimisiún Eorpach agus Stiúrthóir Taighde Teagasc, an Dr. Frank O'Mara.*

## BITHÉAGSÚLACHT

**Talamh d'Ardluach Dúlra**
Is táscaire ceannlíne comhshaoil é talamh feirme Ardluach Dúlra ó thaobh beartais talmhaíochta, agus is soláthróir tábhachtach seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais í. D'fhorbairt an tionscadal IDEAL-HNV measúnú ar scála náisiúnta de tharlú talamh feirme d'Ardluach Dúlra. Don chéad uair, is féidir na sonraí seo a úsáid le tionchair athruithe úsáid talún agus athrú aeráide mar shampla, ar thalamh d'Ardluach Dúlra a áireamh i samhlacha nó i suímh ar scála náisiúnta.



Le comparáid idir dáileadh spásúil cheantair Ardluach Dúlra agus dáileadh spásúil íocaíochta agrachomhshaoil is féidir an méid atá íocaíochtaí dírithe ar chórais feirmeoireachta d'Ardluach Dúlra a mheas (cuspóir beartais AE). Scrúdaigh an tionscadal IDEAL-HNV próifílí soch-eacnamaíochta feirmeacha freisin, agus rinneadh uirlis gréasánbhunaithe a fhorbairt le stádas feirmeacha aonair d'Ardluach Dúlra a mheas ag high-nature-value-farmland.ie

**ICT Agri**
Tugadh úsáideoirí deiridh, lucht tionscail, taighdeoirí agus cisteoirí taighde le chéile ag an ócáid Teagasc seo le staid reatha na dteicneolaíochta atá in úsáid a mheas, dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn agus amharc ar dheiseanna a bheidh ann amach anseo.

Le blianta beaga anuas, tá cuideanna tábhachtacha suiteáilte ag Teagasc le bonn a chur faoi fhorbairt réitigh dhigiteacha talmhaíochta in Éirinn sa todhchaí. Tá Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc, PastureBase Ireland, Córas Faisnéise Ithreach agus NMP-online Teagasc ina measc.

Chomh maith le clocha coirméil do réitigh sa todhchaí a fhorbairt, tá forbairt déanta ag Teagasc ar shraith comhpháirtíochta le grúpaí cosúla ar nós Cónaidhm Tógáil Eallaigh na hÉireann (ICBF), Institiúid Náisiúnta Tyndall, agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge lena Ghrúpa Bogearraí agus Córais Teileachumarsáide. Catalaíoch mór le haghaidh fhorbairt línte taighde sa talmhaíocht digiteach is ea ballraíocht Teagasc in ICT-AGRI Era-NET. Sa ghrúpa cisteoirí taighde agus mórfheidhmeoirí taighde ar fud na hEorpa is féidir le Teagasc leas a bhaint as saineolas ardleibhéil agus a chion féin a dhéanamh ar son Clár Oibre Taighde Straitéis na hEorpa sa réimse seo.

**Tagann Táirgí Déiríochta níos Fearr as Féaraigh Ghlasa**
Cothaítear formhór mór na mbó ar domhan faoi dhíon. Bíonn tréada déiríochta agus feola na hÉireann go léir beagnach ar féarach - buntáiste a chuirtear in iúl go soiléir i bhfeachtas margaíochta Bhord Bia "Origin Green". Dá thoradh sin, tuigtear do thomhaltóirí i gcoitinne go bhfuil táirgí bainne agus déiríochta ó bha a bhíonn ag innilt i bhféarach níos "sláintiúla" ná ó bha a fhaigheann a gcuid faoi dhíon ó dhlúthchórais beathaithe.


Tá fianaise eolaíoch ar fáil anois ó eolaithe a léiríonn buntáistí an bhainne agus an ime ó eallach a chothaítear ar fhéarach ó thaobh tréithe cothaitheacha, dreach, blas agus dath níos fearr. Tá an fhianaise, a bhí faoi threoir lucht taighde Teagasc agus UCC leis an Ollamh ón Insitiúid Micribhithóm Catherine Stanton ag Ionad Taighde Bia Teagasc sa Chloch Liath agus an tOllamh Paul Ross inn UCC, foilsithe i dhá pháipéar san Journal of Dairy Science.
Is cuid de chlár comhoibritheach mór idir Ionad Taighde na Cloiche Liah agus Institiúid Micribhithóm APC é an staidéar seo ar teideal 'Profiling Milk From Grass' atá cistithe ag Teagas, Fundúireacht Eolaíochta Éireann agus an tIontaobhas Taighde Déiríochta.

# GOAL 2
## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL

### SUIRBHÉ NÁISIÚNTA FEIRMEACHA

Léiríonn measúnú to.saigh ar thorthaí Shuirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc gur tháinig laghdú 9% ar ioncam teaghlaigh feirmeoirí in 2016, rud a thug an meánfigiúr ioncaim don earnáil feirmeoireachta go €24,060 Is é seo an luach a fhaigheann feirmeoirí as a gcuid saothair agus as an talamh agus an caipiteal atá á n-úsáid sa gnó.

Ag labhairt agus na torthaí á seoladh, dúirt an Dr. Emma Dillon, eacnamaí le Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc: In ainneoin go bhfuil íocaíochtaí díreacha méadaithe agus cuid de na hearraí tábhachtacha inchuir ar nós leasúcháin laghdaithe, bhí laghdú 9 faoin gcéad ar mheánioncam feirme in 2016 mar gheall ar thitim i bpraghas an bhainne agus torthaí níos laige ar bharra".
Le GLAS agus Clár Géanómaíoch Sonraí Mairteola  (BDGP) á leathnú amach mhéadaigh íocaíochtaí díreach ar fheirmeacha eallaigh idir 5 agus 11% in 2016 i gcomórtas leis an bhliain roimhe sin. Chabhraigh sé seo le praghsanna níos ísle d'eallach a chúiteamh agus chiallaigh sé gur mhéadaigh an meán-ioncam ar fheirmeacha eallaigh idir 2% agus 4% ag brath ar an gcóras táirgeachta. In ainneoin an mhéadaithe seo, bhí an meánioncam ar fheirmeacha eallaigh íseal, gan ach €12,908 á dhéanamh ag feirmeacha tógáil eallaigh in 2016; "Tá feirmeoirí eallaigh ag brath i gcónaí ar íocaíochtaí díreacha a dhéanann suas cuid mhór dá n-ioncam," arsa Brian Moran as Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc; "Tá scéimeanna BDGP agus GLAS an-tábhachtach d'fheirmeacha eallaigh agus caorach,' a dúirt sé.



Thit praghas an bhainne beagnach 10% in 2016 tar éis laghdú beagnach 20% in 2015 ach ina ainneoin sin lean táirgeacht bhainne ag méadú in 2016. Thit ioncam ar fheirmeacha déiríochta 17% ar an meán go €51,809. Léirigh Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha Teagasc go ndearnadh gnóthachain suntasacha éifeachtúlachta ar fheirmeacha déiríochta arís in 2016. Léirigh anailís ar fheirmeacha le linn na tréimhse ó cuireadh deireadh leis an gcuóta go bhfuil a dtáirgeacht méadaithe ag 4 fheirm déiríochta as gach 5 cinn; "Laghdaigh na méaduithe i dtoirt bhainne agus in éifeachtúlacht táirgeachta na costais táirgeachta arís in 2016, ach chiallaigh na praghsanna íslithe ar bhainne nach raibh feirmeoirí déiríochta in ann a n-ioncam a choinneáil," a dúirt Eacnamaí Teagasc an Dr. Trevor Donnellan.


Chuir an laghdú i dtorthaí barra in 2016 isteach go mór ar fheirmeacha curaíochta. Le laghdú i bpraghas gránach chomh maith, bhí titim 10% ar mheánioncam na bhfeirmeacha curaíochta go €30,816. Bhí laghdú 2% ar phraghas uan in 2016 agus gan mórán athrú ar ioncam ó íocaíochtaí díreacha d'fhan meánioncam na bhfeirmeacha caorach socair ag €16,011.

Rinne feirmeoirí infheistíocht de beagnach €690 milliún ina ngnóthais in 2016, agus os cionn €245 milliún de sin infheistithe i bhfeirmeacha déiríochta. Ar aon dul le blianta roimhe seo, ní raibh aon fhiach a bhain le gnó ar dhá thrian de na feirmeacha, le mórán acu ag roghnú infheistíochtaí nua a dhéanamh as caipiteal oibre. Ar an aon trian eile d'fheirmeacha, tá an meánleibhéal fiacha ag €63,764, nó 1.8 oiread an leibhéal ioncaim.

Tá an fheirmeoireacht ag brath go mór i gcónaí ar íocaíochtaí díreacha. Bhí meáníocaíocht de beagnach €18,000 in aghaidh na feirme ann in 2016, agus b'ionann é sin agus 75 faoin gcéad d'ioncam feirme ar an meán agus beagnach 100 faoin gcéad ar an ghnáthfheirm eallaigh agus caorach.

Tá an-chuid feirmeacha páirtaimseartha in Éirinn, le beagnach aon trian de na feirmeoirí ag obair lasmuigh den fheirm chomh maith. Tá foinse ioncaim seachfheirme ag díreach os cionn leath na dteaghlaigh feirme, ag úinéir na feirme nó ag a gcéile.

In ainneoin gur thit an t-ioncam in 2016, níl meánioncam feirme chomh luaineach le cúig bliana anuas agus a bhí cheana. Ag amharc romhainn ar 2017, tá na hionchais don déiríocht an-dearfa, agus tá téarnamh suntasach á thuar d'ioncaim. Is ceart go bhfanfadh meánioncaim ar fheirmeacha stoc tirim measartha socair.




The Teagasc National Farm Survey has been in operation since 1972. It is a member of the EU FADN (Farm Accountancy Data Network. The 2016 preliminary results are based on a sample of 805 farms, representing 83,377 farms nationally.

# GOAL 2
## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL

**Teagasc agus Slándáil Idirnáisiúnta Bia**
Le blianta beaga anuas, tá béim curtha ag Teagasc ar an ngá atá le féachaint ar na dúshláin atá ag talmhaíocht na hÉireann i gcomhthéacs na ndúshlan domhanda maidir le slándáil bia agus athrú aeráide. Ina Ráiteas Straitéise deir an eagraíocht go bhfuil Slándáil Dhomhanda Bia ar cheann de na príomhthiomántóirí don chomhtéacs beartais náisiúnta. Den chéad uair, tá gniomhaíochtaí éagsúla áirithe i Ráiteas Straitéis na heagraíochta don tréimhse 2017-2020 maidir le slándáil idirnáisiúnta bia agus tá beartas agus straitéis shoiléir forbartha ag an eagraíocht lena ról forbartha a rialú.

Mar chomhlacht náisiúnta atá freagrach ags taighde agus aistriú eolais na talmhaíochta in Éirinn, tá Teagasc freagrach as tacú leis an iarracht náisiúnta le forbairt na talmhaíochta a neartú agus ocras agus gannchothú i dtíortha tearcfhorbartha a laghdú. Tá an t-eolas, an saineolas agus an cumas ag an eagraíocht le dul i bpáirt le Cúnamh Éireann lena chuid clár a sheachadadh. Chomh maith leis sin tá ionchas soiléir agus atá ag fás ag an leibhéal beartais náisiúnta go n-úsáidfeadh Teagasc agus gníomhaireachtaí Stáit eile a gcuid acmhainní le tacú leis an gclár forbartha náisiúnta iasachta.

Dá réir seo, beidh straitéis forbartha Teagasc dírithe ar chumas áitiúil i dtaighde agus in aistriú eolais a fhorbairt. Go hiondúil, bíonn sé d'aidhm ag Teagasc lena ghealltanas a shaineolas féin i dtaighde agus in aistriú eolais talmhaíochta a ghiaráil i dtreo na héifeachtúla is mó trína shaineolas a chumascú le gníomhairí comhlántacha eile. Tugtar tosaíocht do ghníomhaíochta a bhaineann le naisc agus tacaí institiúideacha, forbairt bheartais, tógáil chumais institiúidí agus aistriú struchtúrtha eolais as Éirinn. Maidir leis seo, tacaímid le cuspóir tógála fadtéarmach cumais in institiúidí náisiúnta taighde, mar gurb iad na laigí atá iontu atá cur srian le cumas na hearnála talmhaíochta i mórán tíortha atá ag forbairt.

Tá caidreamh foirmiúil bunaithe ag an eagraíocht le comheagraíochtaí i mórán de thíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann agus le tíortha nach comhpháirtithe iad chomh maith. Tá caidreamh den scoth bunaithe le roinnt Cláir Taighde CG agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile. Dar le mórán tíortha atá ag forbairt is í samhail AKIS Teagasc an tsamhail ba mhaith leo a leanúint dá dtíortha féin agus breathnaítear ar Sheirbhís Chomhairleach Teagasc go háirithe go hidir náisiúnta mar sheirbhís uathúil den scoth ó thaibh a chroíghníomhaíochtaí agus tá an-tóir ar an saineolas seo.

Bhí ról ceannais ag Teagasc i gcruthú agus i seoladh Fóram na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta na Talmhaíochta (IFIAD) i mí Dheireadh Fómhair 2016. Is ardán ildisciplíneach deonach é IFIAD a thugann gníomhairí ó rann rialtais, ollscoileanna, eagraíochtaí neamhrialtais agus an earnáil phríobháideach le chéile le heolas agus deachleachtais a chomhroinnt ar son chláir forbartha agus beartais talmhaíochta a thacaíonn le cuspóirí forbartha na hÉireann.

Ba í an bhuntuiscint agus IFIAD á bhunú go raibh gá le hidirghabháil ildisciplíneach níos éifeachtúla maidir le forbairt na talmhaíochta agus go raibh deis ann saineolas na hÉireann sa réimse seo a ghiaráil chun leasa na gclár forbartha thar lear. Ag baint leasa as feabhas na hÉireann san earnáil agraibhia, is í aidhm an Fhóraim lucht taighde, lucht beartais agus cleachtóirí a thabhairt le chéile leis an chomhéadan taighde-beartas-cleachtas a neartú agus cion na hÉireann i leith laghdú bochtaineachta i dtíortha atá ag forbairt a uasmhéadú.

Tá Teagasc tiomanta go daingean anois, leis na srianta acmhainní atá air agus leis an tacaíocht do thionscal agraibhia na hÉireann mar phríomhchúram, i leith tógáil ar a thaithí agus a rannpháirtíocht faoin dara Meabhrán Tuisceanna atá ag Cúnamh Éireann.

## MAC LÉINN NA BLIANA

Is é Shane Fitzgerald as Kilmagemogue, Port Lách, Co Phort Láirge a bhuaigh gradam Mac Léinn FBD na bliana 2016. Bhronn an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara, Michael Creed TD, na gradaim i mBaile Átha Cliath. Chríochnaigh Shane Fitzgerald an clár Teastas Glas Teagasc ag Coláiste Talmhaíocha Chill an Dátúnaigh.

Agus na gradaim á mbronnadh aige dúirt an tAire Michael Creed: "Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na duaiseoirí agus leis na mic léinn go léir a bhí rannpháirteach. Agus caighdeáin chomh hard á mbaint amach agaibh, beidh siad réidh le bhur gcion a dhéanamh i bhforbairt na hearnála dúchasaí is mó sa tír. Bainfidh an earnáil seo atá dírithe ar easpórtalacha agus ag fás i gcónaí, an-leas as scileanna, eolas agus as an díograis na ndaoine óga seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Teagasc as ucht a dtiomantas don oideachas agus don oiliúint san earnáil agraibhia agus do FBD Insurance as an urraíocht leanúnach a dhéanann siad."

Dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle: "Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na mic léinn go léir, agus iad go léir rannpháirteach sa bhfeirmeoireacht, a bhain an



*Tony Pettit, Ceann Oideachais Teagasc, ag freastal ar ghradaim Mac Léinn na Bliana.*

# GOAL 2
## TACÚ LEIS AN BHFEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE AGUS LEIS AN GCOMHSHAOL

babhta ceannais do Mhac Léinn na Bliana amach, Ba mhaith liom chomh maith aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug FBD do Mhac Léinn na Bliana le níos mó ná tríocha bliain anuas agus do mhórán tograí eile de chuid Teagasc atá dírithe ar éifeachtúlacht agus brabúsacht feirme a fheabhsú. Is úinéirí feirme iad lucht bhabhta ceannais an lae inniu, nó beidh siad ina n-úinéirí amach anseo. Go bunúsach tá úinéirí gnó na todhchaí á n-oiliúint ag Teagasc. Beidh an cineál oideachais a thugaimid do dhaoine dá ról mar úinéir gnó ríthábhachtach. Maidir le Teagasc beidh níos mó fócais againn ar iniúlacht na bhfoghlaimeoirí chun deiseanna gnó a aithint agus a leanúint, le breathnú ar an domhan ar bhealaí nua agus le muinín a bheith acu ar mhaithe le iad a oiriúnú don athrú agus do dhúshláin. Ní mór don oideachas a thugann Teagasc, agus gach institiúid oideachais eile, a gcur chuige oideahais a athmhúnlú le freastal ar riachtanais an 21ú haois.

*Sa phictiúr tá Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Shane Fitzgerald, Fiona Muldoon, Príomhfheidhmeannach FBD Insurance, agus an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc.*






An tÚdarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia

# SPRIOC 3

## ÉAGSÚLÚ AN GHEILLEAGAIR TUAITHE A SPREAGADH AGUS AN CHÁILÍOCHT BHEATHA I GCEANTAIR TUAITHE A FHEABHSÚ

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

**Sláinte na bhFear**
Sláinte na bhFear
Tá staidéar leanúnach á dhéanamh ag Teagasc ar shláinte feirmeoirí i gcomhar le gairmeoirí sláinte ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT), Ionad Sláinte na bhFear, IT Ceatharlach agus Scoileanna Fisiteiripe agus Sláinte Feidhmíochta, agus Talmhaíochta agus Eolaíocht Bhia UCD.

Déantar comparáid i staidéar ar Shláinte Feirmeoirí le déanaí idir iompar féintuairiscthe 366 feirmeoir (86% fir) agus an daonra ginearálta, leis na torthaí ar fáil ón Suirbhé Náisiúnta ar Stíl Mhaireachtála agus Dearcadh (SLAN). Léirigh an staidéar gur thuairisc 38% de na feirmeoirí fadhb sláinte amháin nó níos mó sa dá mhí dhéag roimhe sin. Thuairiscigh tríocha a ceathair faoin gcéad tinneas fisiceach agus thuairiscigh 12% fadhb mheabhairshláinte.

| | Farmers | General population |
|---|---|---|
| Had consulted with GP about their health in the last year | 59% | 74% |
| Experience lower back pain | 28% | 16% |
| Overweight or obese | 60% | 50% |
| Report high levels of physical activity | 54% | 24% |
| Report smoking | 18% | 29% |
| Drink alcohol | 85% | 80% |
| Binge drinking (having 6 or more standard drinks on one occasion) at least once per week | 19% | 28% |

Is féidir leabhrán '*Staying Fit for Farming – A Health Booklet for Farmers*' a íoslódáil ó láthair Gréasáin Teagasc: **Staying Fit For Farming**

**Ciapadh meabhrach**
Léirigh comhstaidéar a rinne Teagasc, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, agus Ollscoil Luimnigh go spreagann ciapadh leanúnach meabhrach imní agus dúlagar. Is féidir le ciapadh meabhrach níos mó gortú fisiceach a spreagadh freisin. Léirigh an staidéar chomh maith gur féidir le ciapadh meabhrach ón bhfeirmeoireacht eascairt as brú leanúnach ama san obair, maorlathas, brú airgeadais, neamhchinnteacht na hoibre agus guaiseacha na feirme.

Mar léargas dearfach, léirigh an staidéar gur féidir le tacaíocht shóisialta ciapadh meabhrach a laghdú. Leanann an staidéar tuarascáil a bhí coimisiúnaithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 2013 a thug le fios go mbíonn sláinte níos measa ag céatadán níos airde de daonra feirmeoireachta (16%) ná mar a bhíonn ag an daonra ginearálta in Éirinn (12%).

**Cód Cleachtais**
Seoladh Clár Oiliúna do Chód Cleachtais Sábháilteachta don 2016-2017 ag an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Mary Mitchell O'Connor TD agus Andew Doyle TD Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an seoladh le chéile.

Tá cúrsaí leathlae ar fáil ó Teagasc i ngach contae le cabhrú le feirmeoirí riachtanais Measúnú Riosca a chomhlánú nó a athbhreithniú mar a éilítear faoin Chód Cleachtais do Shábháilteacht Feirme.

**Seirbhís Ócáidí Tragóideacha**
Bíonn tionchar tobann trámach ag timpistí feirme ar gach ball de theaghlach feirme. Is ionaid chontúirteacha oibre iad feirmeacha ó nádúr agus dá thoradh sin bhíonn céatadán níos airde de thimpistí iontu ná mar a bhíonn go ginearálta.
of accidents. Go minic maraítear an feirmeoir féin, nó gortaítear go dona iad. Fágann sin cinntí deacra ag a gcéile agus a gclann. Baineann siad seo le cinntí láithreacha maidir le leanúint ar aghaidh le reáchtáil reathúil na feirme, go teicniúil agus ó thaobh airgeadais.

In 2016 thosaigh Teagasc ag cur seirbhíse ar fáil do theaghlaigh a mbualann tragóidí mar seo iad le cabhrú leo teacht slán ón iarmhairt láithreach. Cuirtear an tseirbhís ar fáil ó chás go cás agus is féidir leis an teaghlach leas a bhaint aisti ach teagmháil a dhéanamh lena n-oifig áitiúil Teagasc. Tá an tseirbhís saor in aisce agus cuirtear cúnamh teicniúil, bainistíochta agus scéime

ar fáil.

**Tógáil Ainmhithe**

Léiríonn staidéir ghéiniteacha go bhfuil gnéithe inoidhrithe géiniteacha a rialaíonn ceansacht sa raon 0.2-0.4, rud a thugann an-chuid deise le pórú a dhéanamh le haghaidh ceansachta thar roinnt glúinte. Ag trácht ar an ardú i mbásanna feirme mar gheall ar ionsaithe ó bha, a tharlaíonn níos minice ná ionsaithe tarbh le blianta beaga anuas, dúirt géineolaí Teagasc an Dr Noirin McHugh gur tréith ghéiniteach is ea ionsaitheach i mba timpeall am breithe nó ina dhiaidh, agus gur féidir é sin a laghdú le pórú.

Dúirt sí gur measadh tráth gur 'fadhb fhiseolaíoch' a bhí san ionsaitheacht mháithreach bólachta ach nach mar sin atá agus gur tionchar géiniteach is cúis leis. Is ceart pórú ó ainmhithe ionsaitheacha a sheachaint agus ainmhithe mar sin a chur síos.

Ach is féidir le bainistiú ainmhithe tionchar a imirt chomh maith dar leis an Dr McHugh agus maireann cuimhní ar theagmhais phianmhara nó scanrúla in ainmhithe agus eascraíonn fadhbanna láimhseála astu. Bíonn níos lú struis ar stoc a láimhseáiltear go suaimhneach agus bíonn feidhmíocht níos airde ó eallach dá réir.


**Éagsúlú**

Feirmeoireacht orgánach Is fiú €24 billiún margadh an bhia orgánaigh san Aontas Eorpach (2014), dúbailt méide le deich mbliana anuas. Tá an t-éileamh ar mhairteoil orgánach Éireannach ag ardú go háirithe san Eoraip. Tá líon mór feirmeoirí nua tagtha isteach san earnáil orgánach in Éirinn le blianta beaga anuas, agus tá 1,800 feirmeoir i mbun feirmeoireachta orgánaí anois, ag cur timpeall 600 a thosaigh ar an aistriú in 2015 san áireamh.

Is feirmeoirí eallaigh iad timpeall




*Ag seoladh Chlár Oiliúna Chód Cleachtais Sábháilteachta do 2016-2017 (ó chlé) John McNamara, Saineolaí Sábháilteacht Feirme Teagasc. Andew Doyle TD Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Tom Kelly, Stiúrthóir Aistriú Eolais, Teagasc. Mary Mitchell O'Connor TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Pat Griffin, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.*




*John Kelly, príomhoide Teagasc, Coláiste Bhaile Átha hÉis ag glacadh le 'Gradam Feabhais i Sábháilteacht' ó Michael Berkery, Cathaoirleach FBD*

# SPRIOC 3
## ÉAGSÚLÚ AN GHEILLEAGAIR TUAITHE A SPREAGADH AGUS AN CHÁILÍOCHT BHEATHA I GCEANTAIR TUAITHE A FHEABHSÚ

70% de na feirmeoirí orgánacha in Éirinn. Tá an-cháil ar bhia orgánach na hÉireann sa bhaile agus go háirithe ar fud na hEorpa. Léiríonn na figiúirí is déanaí gur fiú margadh miondíola orgánach na hÉireann os cionn €136 milliún sa bhliain (Foinse: Bord Bia). I sraith siúlóidí taispeántais ar fheirmeacha orgánacha a d'eagraigh Teagasc, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, cuireadh gnóthais rathúla orgánacha i láthair.

Tugadh deis d'fheirmeoirí traidisiúnta foghlaim lena súile féin faoi phraiticiúlachtaí na feirmeoireachta orgánaí le linn na siúlóidí seo. I ngach ceann de na siúlóidí feirme, bhí an feirmeoir féin, mar aon le hionadaiteh ó Teagasc, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó na Comhlachtaí Deimhnithe Orgánacha i láthair le ceisteanna a fhreagairt. Cuireann Teagasc béim ar théamaí ar leith ar nós bainistiú féaraigh agus uainíocht na mbarr le linn na siúlóidí feirme.

**Foilsiú 'Guidelines for Successful Organic Beef Production'**
Sheol Teagasc an foilseachán 'Guidelines for Successful Organic Beef Production' in 2016. Sa leabhrán cuimsitheach teicniúil seo, a scríobh taighdeoirí, saineolaithe agus comhairleoirí Teagasc, dírítear ar chleachtais bainistiú feirme atá riachtanach le bheith páirteach i gcóras táirgeachta rathúil orgánach mairteola. Clúdaítear ábhair ar nós bainistiú cothaitheach ar fheirmeacha eallaigh orgánacha, agus agranamaíocht agus bainistiú seamair dhearg sa bhfoilseachán.

Ag labhairt ag seoladh an fhoilseacháin, dúirt Dan Clavin, Saineolai Orgánach le Teagasc: "Is dúshlán é an leas is fearr a bhaint as an talamh sa bhfeirmeoireacht le caighdeáin orgánacha mar gur beag réiteach gasta atá ann sa bhfeirmeoireacht orgánach, ach leis na scileanna agus leis an eolas ceart is féidir a bheith táirgiúil agus brabús a mhéadú. Is léitheoireacht riachtanach é an leabhrán seo d'fheirmeoirí eallaigh orgánacha agus dóibh siúd atá ag smaoineamh go dáiríre faoin athrú go táirgeacht orgánach a dhéanamh."

**Turasóireacht Tuaithe**
Cruthaíonn earnáil turasóireachta tuaithe na hÉireann €6 bn sa bhliain agus do réigiúin áirithe, is cuid bhunúsach den gheilleagar áitiúil í atá ag fás. Mar chuid den Choimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch i gCeantair Tuaithe, (CEDRA) d'fhoilsigh Forbairt Tuaithe Teagasc leabhrán faoin Turasóireacht Tuaithe le béim a chur ar na deiseanna atá ann do mhuintir na tuaithe éagsúlú a dhéanamh ar an fheirm.

Ag an seoladh, dúirt an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Andrew Doyle: "Is dóigh foirfe í an Turasóireacht Tuaithe le daoine a spreagadh le teacht amach as na bailte agus na cathracha."

Tá gníomhaíochtaí agus láithreacha spéise chomh héagsúil in Éirinn don chuairteoir, chomh maith le táirgeoirí speisialta bia, a thugann cúis an-mhaith do dhaoine teacht amach thar teorainneacha na cathrach. Le roinnt blianta anuas, tá gnóthais agus feirmeacha iontacha tuaithe oscailte do chuairteoirí. Dírítear ar eispéireas iontach a sholáthar agus gnéithe agus scileanna uathúla áitiúla a fhorbairt. Is treoir thábhachtach é an leabhrán seo a chomhlánaíonn an spéis úrnua i mbia, in oidhreacht agus is saoire in Éirinn."

**Tógáil Capall**
Tá Tionscal Capaill Spóirt na hÉireann an-luachmhar do gheilleagar na hÉireann, le luach níos mó ná €700 milliún sa bhliain. Tá níos mó ná 12,500 duine fostaithe sa Tionscal Capaill Spóirt, agus níos mó ná 47,000 duine rannpháirteach san earnáil.

Ag oscailt Chomhdháil Náisiúnta Eachaí Teagasc i mí na Samhna dúirt Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle: "Tá gean ar muintir na hÉireann ar chapaill agus tá an ráta capall in aghaidh an duine níos airde in Éirinn ná in aon tír eile san Eoraip." Le linn na comhdhála, díríodh ar conas is féidir leis an earnáil cuid de na spriocanna atá imlínithe sa tuarascáil straitéise "Reaching New Heights" a thiomsaigh Teagasc, an RDS agus Spórt Capall Éireann, ina leagtar amach plean oibre don earnáil go dtí 2025.

Tugann Teagasc tacaíocht don tionscal eachaí trí na saineolaithe Aistriú Eolais Wendy Conlon agus Declan McArdle, a chuireann comhairle, faisnéis agus oiliúint scileanna ar fáil trí mheáin éagsúla. Cuirtear cúrsa gearra d'aosaigh ar fáil i scileanna marcaíochta; i dtógáil capaill spóirt; agus i margaíocht dhigiteach. Cuireann foireann eachaí Teagasc i gColáiste Talmhaíochta agus Gairneoireachta Chill an Dátúnaigh oideachas lánaimseartha ar fáil trí chúrsaí marcaíochta eachaí agus tógála Leibhéal 5 agus 6 i mBaile an Phoill, Co Chill Chainnigh.

**Cáiseanna Feirme**
In 2016 chuir Teagasc agus Bord Bia clár píolótach i gcrich a bhfuil sé d'aidhm aige forbairt earnáil na cáise feirme in Éirinn a fhorbairt.

Is clár forbartha é Bunús Institiúid na Cáise don earnáil cáise in Éirinn. Dearadh é i gcomhar leis an tionscal agus chuir Bord Bia agus Teagasc ar fáil é, agus tá an clár comhdhéanta de shraith ceardlanna a sheachadtar thar tréimhse 10 mí chuig 12 cuideachta cáise feirme.

Bíonn saineolaithe éagsúla ábhair páirteach i ngach ceardlann agus pléitear ábhair ar nós táirgeacht agus aibiú cáise, rialú táirgeacht cáise, inathraitheacht baisce, sábháilteacht bia agus sláintíochta, úsáid mheidhg, agus pleanáil margaíochta, praghsáil agus idirbheartaíocht, bainistiú eochairchuntas, an tomhaltóir agus an margadh, cruthú agus bainistiú inneachar digiteach.

**Comhdháil Feirmeoireachta Gabhar**
Ba í seo an chéad chomhdháil dá leithéid a bhí ann ó 2007 agus tugadh deis don 130 duine a bhí ag freastal éisteacht le cainteoirí cumasacha as Éirinn, an RA agus an Ísiltír. I measc na n-ábhar a pléadh bhí:
Sláinte agus cothú gabhar, tógáil meannán agus an tionscal gabhar in Éirinn agus thar lear.

**Fuinseog do Chamáin**
Tá baint stoic chamáin mar chuid de thionscadal comhoibríoch idir bhaill de Chumann Fuinseoga an CLG. Tá an cumann comhdhéanta de chomhpháirtithe éagsúla lena n-áirítear CLG, Teagasc, an tSeirbhís Foraoiseachta (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - RTBM) Coillte agus Cuallacht Déanta Camán Fuinseoige na hÉireann (IGAHM). Tá sé d'aidhm aige cabhrú le tógálaithe fuinseoige a gcuid foraoiseacha a optamú, cultúr bainistiú foraoise a chruthú, tacú le tionscal déanta na gcamán fuinseoige agus tograí a fhorbairt le dul i ngleic le lotnaidí agus galair ar nós críonadh siar fuinseoige.

Cuireadh Foraois an Chéid i gCaisleán Bhaile Sheáin Teagasc in 1984 mar chuid de chomóradh céad bliain CLG. Tá an fhoraois á húsáid ó shin mar thriail taighde agus tá faisnéis luachmhar ginte maidir le gnéithe éagsúla de thógáil fuinseoige lena n-áirítear spásáil, bainistiú cothaitheach, rialú fiaillí agus tanú.

*I láthair ag baint na stoc camáin in Teagasc, Caisleán Bhaile Sheáin bhí (ó chlé) John Jordan, déantóir camán; an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc' Rioch Fox, Bainisteoir Feirme Ionad Bhaile Sheáin Teagasc; Pat Daly, Stiúrthóir Forbartha Cluichí, CLG; Noel Culleton, taighdeoir ar scor; Ger Shortle, Ceann Ionad Bhaile Sheáin, Teagasc; Seamus Dunne Dunn, Cigire Sinsir an tSeirbhís Foraoiseachta (RTBM).*



# SPRIOC 3
## ÉAGSÚLÚ AN GHEILLEAGAIR TUAITHE A SPREAGADH AGUS AN CHÁILÍOCHT BHEATHA I GCEANTAIR TUAITHE A FHEABHSÚ

### AN FHEIRMEOIREACHT AGUS SAOL NA TUAITHE 1916

Chuir Teagasc fáilte roimh os cionn 60,000 duine as gach cearn den tír chuig Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, mar a raibh an ócáid 'An Fheirmeoireacht agus Saol na Tuaithe 1916' ar an 10 agus 11ú Meitheamh. Sheol an tAire Heather Humphreys an ócáid go hoifigiúil agus dúirt sí "Is athinsint chruinn fhíor ar scéal na n-eachtraí míleata áitiúla in 1916 í an ócaid seo agus de Shaol na Feirme agus na Tuaithe lena linn agus is léir go bhfuil an-chuid oibre déanta ag cách leis an ócáid seo a eagrú, agus tírdhreach sráide agus tuaithe 1916 a athchruthú ar Champas Uí Mhaoilíosa."

Nocht Cathaoirleach Teagasc, an Dr Noel Cawley leac comórtha do Liam Ó Maoilíosa agus na hóglaigh a fuair dídean ar Champas Uí Mhaoilíosa le linn Éirí Amach na Cásca. D'eagraigh Teagasc an ócáid i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe mar chuid de chomóradh 1916.

Cruthaíodh seacht sráidbhaile ar leith, inar athchruthaíodh na gníomhaíochtaí uile a bheadh i mbaile i 1916, ceol, damhsa, drámaíocht, beostoc, innealra agus stair. Bhí taispeántais ann den chapall oibre agus an ról a bhí aige sa líon tí in Éirinn, bhí cluichí taispeántais CLG ann in éide 1916, agus lá spóirt le cluichí traidisiúnta do leanaí, chomh maith le hathchruthú ar chur ar seilbh, radharcanna comhairleacha, teacht scoile agus bothán traidisiúnta.

Tugadh léargas ar ghnéithe tábhachtacha den saol in Éirinn ag tús an chéid sa caite le linn na hócáide. Bhí ábhar oideachasúil d'ardchaighdeán, a bhí barántúil agus cruinn, ann le scéal na n-eachtraí míleata áitiúla in 1916 agus an Fheirmeoireachta agus Saol na Tuaithe sa ré sin a athchruthú. Bhí roinnt mhaith taispeántas idirghníomhacha ann, athléiriú drámatúil, léachtanna, agus athdhéanamh go leor.

Bhí líon mór eagraíochtaí feirmeoireachta, tuaithe, pobail agus deonacha, áitiúla agus náisiúnta páirteach san ócáid, lena n-áirítear IFA, CLG, An Cumann Náisiúnta Treabhdóireachta, UCD agus Bantracht na Tuaithe, Músaem Saol na Tuaithe, Músaem na Tuaithe i gCaisleán Bhaile Sheáin, Músaem CLG, Roinn an Bhéaloidis UCG agus go leor cumann oidhreachta agus staire áitiúla.

*Ag freastal ar ócáid Feirmeoireacht agus Saol na Tuaithe Teagasc i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe bhí Eugene Costello, Baile Locha Riach leis an Ollamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc agus Heather Humphreys, Aire Forbairt na Tuaithe, Gnóthaí Tuaithe, Ealaíne agus Gaeltachta.*









Unveiled by Dr. Noel Cawley







# SPRIOC 3
## ÉAGSÚLÚ AN GHEILLEAGAIR TUAITHE A SPREAGADH AGUS AN CHÁILÍOCHT BHEATHA I GCEANTAIR TUAITHE A FHEABHSÚ

### TEAGASC AGUS MNÁ FEIRME

Ba í an aidhm a bhí leis an staidéar 'Conas is féidir le seirbhísí comhairleacha Teagasc rannpháirtíocht agus cumasú mná feirme a fheabhsú' le Comhalta Walsh Teagasc Aisling Molloy, leibhéal agus nádúr reatha rannpháirtíocht mná feirme le seirbhísí comhairleacha i gContae Loch Garman a dheimhniú, a riachtanais eolais a aithint agus bealaí a scrúdú lena rannpháirtíocht a mhéadú ionas go dtugtar tacaíocht agus cumas dá ról i bhfeirmeacha teaghlaigh.

Cé go meastar go bhfuil 74,000 ban ag obair ar fheirmeacha na hÉireann (27% den bhfórsa oibre talmhaíochta) níl ach 4,800 cláraithe mar chliaint leis an phríomhsheirbhís chomhairleach feirme (Teagasc).

I measc na gcúinsí a spreagann an leibhéal íseal rannpháirtíochta seo tá róil thraidisiúnta inscne agus caidrimh sa bhfeirmeoireacht ach d'fhéadfadh constaicí struchtúracha nó cultúrtha a bheith ann freisin ó thaobh chur i láthair na seirbhísí.

Díríodh ar chontae amháin mar ionadaí don staid náisiúnta agus rinneadh próifíl de mhná feirme i gContae Loch Garman, a róil ar fheirmeacha; a riachtanais eolais; raon a rannpháirtíochta le seirbhísí comhairleacha, na constaicí a bhíonn ar a rannpháirtíocht; agus moladh straitéis le dul i ngleic leo seo.

I measc na moltaí is mó a cuireadh chun cinn le rannpháirtíocht a fheabhsú bhí Grúpaí Plé do Mhná amháin, níos mó imeachtaí agus faisnéise, lena n-áirítear comhfhreagras ó bhaill teaghlaigh, pleanáil chomharbais agus oidhreachta agus níos mó poiblíochta a thabhairt d'fheirmeoirí ban sna meáin.



### BAILIÚCHÁIN DRAMHAÍL CHONTÚIRTEACH FEIRME

Ar nós go leor gnóthas, gintear dramhaíl chontúirteach trí ghnáthreáchtáil feirme, ó olaí innill agus scagairí go fuíoll lotnaicídí, luibhicídí, agus cógais tréidliachta as dáta. Is céim mhór chun cinn le sábháilteacht feirme na substaintí seo a bhféadfadh contúirt a bheith ag baint leo a bhaint amach, chomh maith le rioscaí tromchúiseacha truaillithe a bhaineann le doirteadh a dhéantar de thimpiste a laghdú.

Tiomsaíodh feachtas in 2013, faoi threoir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ag obair le foireann tras-rialtais le Teagasc, An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus údaráis áitiúla.

Ghlac timpeall 2,000 feirmeoir páirt sa bhfeachtas, ag glanadh ceimicí as dáta agus dramhaíl eile atá deacair a bhainistiú amach as seideanna. Tá diúscairt shábháilte na ndramhaíola seo tábhachtach do gach feirmeoir, lena gclós feirme a choinneáil sábháilte dóibh féin agus dá gclann; le táirgí le dearbhú cáilíochta a tháirgeadh; agus le híomhá ghlas inbhuanaithe na hÉireann a chothabháil.

An tÚdarás
Talmhaíochta agus
Forbartha Bia



# SPRIOC 4

## CUMAS EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ AGUS LUACH AR AIRGID A THABHAIRT

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# SPRIOC 4
## CUMAS EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ AGUS LUACH AR AIRGID A THABHAIRT




**Fadbhreathnaitheacht Teagasc 2035**
Foilsíodh an tuarascáil dheiridh de thionscadal Fadbhreathnaitheacht Teicneolaíochta Teagasc 2035 ag comhdháil idirnáisiúnta in ionad comhdhála Stáid Aviva i mí Mhárta 2016. Mar chuid den tionscadal Fadbhreathnaitheachta Teicneolaíochta chuathas i gcomhairle le os cionn 200 saineolaí agus páirtithe leasmhara le teicneolaíochtaí fionnachtana a aithint a athróidh earnáil agraibhia agus bithgheilleagair na hÉireann faoin mbliain 2035.

Aithníodh cúig théama teicneolaíochta a bheith ina dtosaíochtaí don taighde agus don nuáil in Éirinn sna blianta atá romhainn:

1. Géanómaíocht Phlandaí agus Ainmhithe agus Teicneolaíochtaí Gaolmhara
2. Micribhiothra Daonna, Ainmhí agus Ithreach
3. Teicneolaíochtaí Digiteacha
4. Teicneolaíochtaí Nua Phróiseáil Bia
5. Bunathrú sa Chóras Slabhra Luacha Bia

Teagasc Director, Professor Gerry Boyle, said: “The pace of new technology adoption is accelerating and progress is happening across a broad spectrum of technologies. New tools will enable the agricultural sector to better tackle the challenges of climate change, and wider sustainability concerns while promising enhanced living standards and quality of life for sectoral players.”

Dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle: “Tá luas na teicneolaíochta ag géarú agus dul chun cinn ag tarlú i speictream leathan teicneolaíochtaí. Le huirlisí nua beith an earnáil talmhaíochta ábalta dul i ngleic níos fearr le dúshláin athrú aeráide, agus le hábhair imní inbhunaitheachta eile chomh maith le caighdeáin mhaireachtála agus cáilíocht bheatha níos fearr a ghealllúint d’imreoirí na hearnála.”

Dúirt an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc: ‘Tá feirmeacha agus cuideachtaí

*I láthair bhí (ó chlé) An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir, Teagasc; Phil Hogan, Coimisineir Eorpach Talmhaíochta agus Forbairt na Tuaithe; An Dr Noel Cawley, Teagasc, Cathaoirleach agus an Dr Frank O’Mara, Stiúrthóir Taighde Teagasc agus Tuarascáil Teagasc ar Fhadbhreathnaitheacht Teicneolaíochta 2035 á chur faoi bhráid Choimisinéir an AE ag comhdháil sa Bhruiséil.*





*Ag freastal ar ócáid Fhadbhreathnaitheacht Teagasc 2035 (ó chlé): An tOll. Banning Garrett, Stiúrthóir agus bunaitheoir Togra Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach Chomhairle an Atlantaigh; Aidan O'Driscoll, Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Janet Bainbridge OBE, PO Teicneolaíocht Talmhaíochta, UK Trade and Investment; an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach, Teagasc; an Dr Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde, Teagasc;agus an Dr Lance O'Brien, Ceann Fadbhreathnaitheachta agus Straitéise, Teagasc.*

próiseála ag éirí níos cliste. Tá an tuiscint ar an eolaíocht ag méadú i gcónaí. Tá an t-eolas ag fás. Tá níos mó sonraí ag teacht chun cinn. Tá earnáil an agraibhia á teilgean chun cinn ag na forbairtí seo le 20 bliain anuas. Tá na príomhtheicneolaíochtaí a chuirfidh cruth ar fheirmeacha in 2035 agus a imreoidh tionchar orthu aitheanta sa tuarascáil fadbhreathnaitheachta teicneolaíochta seo."

Cuireadh tuarascáil Fhadbhreathnaitheacht Teicneolaíochta Teagasc 2035 faoi bhráid Choimisinéir Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe na hEorpa, Phil Hogan, ag comhdháil sa Bhruiséal ar an gCéadaoin, 22 Meitheamh.

**Ráiteas Straitéise**

I rith na bliana 2016 sheol Teagasc a séú Ráiteas Straitéise le spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí ardleibhéil don tréimhse 2017-2020. Ullmhaíodh an Ráiteas i gcomhairle leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara éagsúla agus léiríonn sé freagra Teagasc do na blianta atá romhainn do na deiseanna agus na dúshláin atá roimh an eagraíocht agus earnáil an agraibhia.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don tionscal le dul i ngleic le dúshláin leanúnacha na hiomaíochta agus na hinbhuanachta, cabhróidh an straitéis leis an earnáil le freagairt do na dúshláin nua a eascróidh as cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach (Brexit). Go go bhfuil impleachtaí

*Aideen Kennedy, Buaiteoir Bhonn an RDS ag Seimineár Comhaltaí Walsh Teagasc ag fáil an bhoinn ó (ó chlé): Declan Troy, Stiúrthóir Aistriú Teicneolaíocht Bhia, Teagasc agus Tom Kirley, RDS.*



# SPRIOC 4
## CUMAS EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ AGUS LUACH AR AIRGID A THABHAIRT

gearrthéarmacha an chinnidh seo soiléir cheana féin i dtionchar na n-athruithe i luach Sterling in aghaidh an Euro, ní bheidh an tionchar meán-go-fadtéarmach soiléir go dtí go n-aontófar téarma cruinne Brexit sna blianta atá romhainn. Beidh tiomantas Teagasc sna blianta atá romhainn i leith uirlisí agus teicnicí nua a fhorbairt riachtanach le cinntiú go mbeidh rath ar an tionscal faoi cibé caidreamh nua trádála a aontaítear leis an RA amach anseo.


**Seimineár Comhaltachtaí Walsh Teagasc**

Ba í Aideen Kennedy, atá bunaithe in ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh, An Chloch Liath, a bhuaigh an cur i láthair ó bhéal ba fhearr agus duais an RDS, ag roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Baile an Easpaig. Teideal an chur i láthair a rinne sí: *Epidemiological investigations into Johne's disease on Irish dairy farms*. Bhronn Tom Kirley ón RDS an bonn ar Aideen.

Ba í Aoife Buggy a rinne an cur i láthair Bia is Fearr agus bhuaigh sí bonn Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann (IFSTI). Tá Aoife bunaithe in Ionad Taighde Bia Teagasc, An Chloch Liath agus i Roinn na Ceimice in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Teideal an chur i láthair a rinne sí: *Effect of a-lactalbumin concentration on the stability of infant milk formula under differing process condition.* Bhronn an tOllamh Alan Reilly, bonn IFSTI ar Aoife thar ceann an IFSTI.

*Cúirt Ambasadóir na hÍsiltíre chuig Teagasc Pháirc na Darach: ó chlé:*
*An Dr Rogier Schulte (Ceann Taighde Aistriúchánach ar Tháirgeacht Inmharthanach Bia), Dr. Denis Griffin (Saineolaí Prátaí), Paul Schellekens (Ambasadóir na hÍsiltire), Wemmechien Hofman (Oigigeach Sinsir Eacnamaíochta agus Trádála ón Ísiltír), an tOll. Gerry Boyle (Stiúrthóir Teagasc) an Dr. Lance O'Brien (Ceann Straitéise agus Caidrimh Idirnáisiúnta), an Dr. Dan Milbourne (Géineolaí Móilíneach), agus an Dr. Frank O'Mara (Stiúrthóir Taighde).*



Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, ag bronnadh Gradam Speisialta Teagasc ar Jack O'Meara, Coláiste N. Sheosaimh, Buiríos Ó Luigheach, Co. Thiobraid Árann ag BTYSTE 2016.



Bronnadh an gradam don phóstaer is fearr ar Jessica Coyne. Tá Jessica bunaithe in Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc sa Chloch Liath agus bíonn sí ag obair chomh maith le Roinn Géiniteach Bithmhéadrach Institiúid na nAcmhainní Nádurtha sa bhFionlainn (Luke) FI-31600, Jokioinen, An Fhionlainn agus i Roinn Eolaíocht na Talmhaíochta in Ollscoil Helsinki sa bhFionlainn. Teideal an chur i láthair ó Jessica: *Genetics of longitudinal growth and feed efficiency data*.

Rinne triúr déag Mac Léinn Comhalta Walsh PhD cur i láthair ó bhéal faoi thorthaí a gcuid taighde ag an seimineár. Chomh maith leis sin thaispeáin 42 Comhaltaí Walsh póstaeirí a thug forléargas ar a gcuid taighde.

**Comhdháil Chomhairleach**

Tháinig gairmeoirí comhairleacha agus oideachais as gach cearn den Eoraip go Luimneach i mí Mheithimh chuig comhdháil leis an téama 'Tacaíocht Nuálaíochta don Talmhaíocht Ilghnéitheach. Rinne Teagasc óstáil ar an 55ú comhdháil IALB agus an triú comhdháil EUFRAS ar champas Ollscoil Luimnigh.

Dúirt Cathaoirleach EUFRAS, an Dr Tom Kelly as Teagasc: "Tugann an ócáid seo gairmeoirí tábhachtacha comhairleacha agus oideachais talmhaíochta le chéile as gach cearn den Eoraip, lena saineolas ar churaíocht, mairteoil, bainne, orgánaigh, fuinneamh agus foraoiseacht. Tá an chomhdháil seo ann agus níos mó luacha agus measa a dtabhairt do chomhairleoirí i dtacaíocht nuálaíochta, ar bhonn domhanda agus Eorpach araon.

Tá os cionn 500 comhairleoir ina mbaill phríobháideacha de Acadamh Idirnáisiúnta na gComhairleoirí Talmhaíochta (IALB). Eagraíocht do na tíortha a labhraíonn Gearmáinis is mó atá ann, An Ostair, an Eilbhéis, an Pholainn agus an Ghearmáin. Bunaíodh IALB os cionn 54 bliana ó shin agus cé go maireann sé mar eagraíocht ar leith fós tá na baill an-ghníomhach in EUFRAS.

Dúirt Ulrich Ryser, uachtarán IALB, agus ceannaire eagraíocht tacaíochta chomhairleach Agridea, nach mór do chomhairleoirí breathnú amach thar na teorannacha réigiúnacha agus eagraíochta ar mhaithe le foghlaim agus go gcabhróidh sé seo leo a bheith níos éifeachtúla.
Is é EUFRAS an Fóram Eorpach do Sheirbhísí Comhairleacha Tuaithe agus Talmhaíochta a bunaíodh in 2013. Tá 30 eagraíocht i 20 tír ina mbaill de. Déanann EUFRAS naisc idir seirbhísí comhairleacha talmhaíochta agus tuaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, ar fud na hEorpa agus cothaíonn sé níos mó comhoibriú idirnáisiúnta agus déanann ionadaíocht ar a son ag leibhéal na hEorpa.

**Eolaithe Óga BT 2016**

Jack O'Meara, Coláiste N. Sheosaimh, Buiríos Ó Luigheach, Co. Thiobraid Árann a bhuaigh gradam speisialta Teagasc ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2016 BTYSTE 2016). Ina thionscadal "The Mastitis Meter' san earnáil Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha agus Matamaitice,



Toscairí ag comhdháil IALB/EUFRAS a tionóladh faoi óstáil ag Teagasc in Ollscoil Luimnigh.

# SPRIOC 4
## CUMAS EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ AGUS LUACH AR AIRGID A THABHAIRT

d'fhéach Jack ar luathbhrath maistítis i mbainne sa bhleánlann. D'fhéach sé ar sheoltacht mhéadaithe bhainne infhabhtaithe agus mhol sé fearas a dhéanfadh samplaí bainne a thástáil le haghaidh seoltachta méadaithe sula dtéann sé isteach san ollumar.

Rinne Teagasc urraíocht ar ghradam Jack don tionscadal is fearr a léirigh tuiscint chruinn ar eolaíocht táirgeacht talmhaíochta nó bia, nó úsáid na heolaíochta leis an teicneolaíocht atá ar fáil don talmhaíocht nó do tháirgeacht bia a fhreabhsú. Bhí beagnach 1,200 mac léinn as oileán na hÉireann ag iomaíocht san RDS le 55 tionscadal as 29 gcontae.

**CommBeBiz**

Sheol an tionscadal CommBeBiz, le maoiniú AE, a thacaíonn le taighdeoirí bitheacnamaíochta ar fud na hEorpa lena gcuid eolais a aistriú chuig páirtithe leasmhara ábhartha, an chomhdháil Bioeconomy Impact 2016 (Baile Átha Cliath, 11-12 Feabhra 2016).



*Billy Kelleher ag glacadh lena ghradam ó Chathaoirlach Teagasc, an Dr Noel Cawley.*

Tugtar do lucht taighde ag an ócáid smaoineamh go criticiúil faoina gcuid oibre agus conas is féidir í a úsáid go héifeachtúil le toradh níos fearr a bhaint amach.

Dúirt an Dr Maeve Henchion, atá i gceannas ar rannpháirtíocht Teagasc i dtionscadal CommBeBiz: "Léirigh an ócáid seo gur gá bainistiú suntasacha a dhéanamh ar athrú leis an bhitheacnamaíocht a sheachadadh. Tá an bhitheacnamaíocht éagsúil ónar tháinig roimpi. Beidh bealaí nua ag teastáil le taighde a dhéanamh, bealaí nua le gnó a dhéanamh, agus bealaí nua le beartais a chruthú, chomh maith leis an athrú soiléir atá ag teastáil i dtáirgeacht, i dtomhaltacht, i bpróiseáil agus in athghabháil bunábhair bhitheolaíocha."



*(Ó Chlé): Rhonda Smith (Minerva Communications UK Ltd); Rob Peters (An Coimisiún Eorpach); Dirk Carrez (Biobased Industries Consortium); Maeve Henchion agus an tOllamh Gerry Boyle (Teagasc).*

**Buaiteoir an Bhonn Óir**

Is é Billy Kelleher a bhuaigh Bonn Óir Teagasc in 2016. Bronntar Bonn Óir Teagasc ar bhonn bliantúil ar dhuine a bhfuil cion eisceachtúil déanta aige/aici do Theagasc agus do na hearnálacha talmhaíochta agus bia. Is Bainisteoir Comhairleach Réigiúnach Teagasc do Iarthar Chorcai é Billy.

Bhronn Cathaoirleach Teagasc, an Dr Noel Cawley, an gradam ag cruinniú d'Údarás Teagasc ag Páirc na Darach, Ceatharlach. Dúirt sé: "Chlúdaigh Billy gach fiontar mar chomhairleoir agus bhí sé an-iniúil go teicniúil i ngach fiontar, go háirihte i ndéiríocht agus i gcuraíocht, mar ar fhreastail sé ar bhonn mór clianta d'fheirmeoirí. Bhí sé i gceannas ar Chomhchlár Forbartha Déiríochta Teagasc ar feadh 12 bliain ó 2000 go 2012, sular ceapadh é mar bhainisteoir réigiúnach ar na seirbhísí comhairleoireachta in Iarthar Chorcaí. Ó rinneadh an ceapachán seo tá Comhchlár Chairbre agus na naisc le Coláiste Talmhaíochta Chloch na Coillte ag dul ó neart go neart."

**Oifigí Nua agus Sínte ar Oifigí**

Tá saoráid chomhtháite ar champas Bhaile an Ásaigh Teagasc anois, le haghaidh Taighde Bia, Forbairt Ghairneoireachta, Forbairt Foraoiseachta, Oideachas Gairneoireachta agus oiliúint sa Tionscal Bia.

Agus an tsaoráid á oscailt aige dúirt an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Michael Creed TD: "Agus an timpeallacht geopholaitiúil, eacnamaíoch agus trádála ag athrú go mear, tá sé níos tábhachtaí ná riamh teorainneacha na heolaíochta agus na teicneolaíochta a fhiosrú mar a bhaineann siad le bia.Is í an nuálaíocht an eochair a osclóidh an breisluach in amhábhair bia, a fheabhsóidh an t-iomaíochas, agus a thabharfaidh cosaint in aghaidh luaineacht na margaí tráchtearraí. Sin é an fáth go bhfuil an fhorbairt seo ag Teagasc i mBaile an Ásaigh chomh tábhachtach agus tá lúcháir orm a bheith anseo don seoladh."



*Ba é Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (ar dheis) a d'oscail an tIonad Oideachais, Taighde agus Comhdhála i dTeagasc Bhaile an Ásaigh, leis an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc agus an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc.*

**Onóir do phóraitheoir**

Bronnadh Céim Onórach Dochtúir Eolaíochta ar Harry Kehoe, Póraitheoir Prátaí ar scor, mar aitheantas don obair saoil a rinne sé mar Phóraitheoir Plandaí. Rinneadh an bronnadh in UCD.

Bhí an Rooster ar cheann den 35 cineál práta agus breis atá póraithe ag Harry Kehoe agus a fhoireann

*An Dr Harry Kehoe, sa lár leis an Ollamh Andrew J Deeks Uachtarán UCD agus an Dr Alex Evans as UCD.*





ag Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach. Ó seoladh é in 1991 is é an Rooster an práta is coitianta in Éirinn, le 60% den mhargadh.

Is é an Cara an cineál práta is rathúla a póradh go dtí seo i bPáirc na Darach, agus beagnach 40 bliain tar é a sheoladh táthar á fhás fós i margaí chomh fada ó chéile leis an Ríocht Aontaithe, An Éigipt agus Oileáin Chanáraí. Bhí cáil ar Cara mar cheann de na chéad chineálacha a bhí frithsheasmhach in aghaidh Globodera rostochiensis, cineál néamdóid Chist Prátaí.

## SEACHTAIN NA HEOLAÍOCHTA

In 2016 ba é 'Éirí na hEolaíochta' téama Sheachtain na hEolaíochta - ag díriú ar dhul chun cinn na dteicneolaíochtaí eolaíochta le 100 bliain, sa talmhaíocht, i bpróiseáil bhia, i gcothú agus i sábháilteacht bhia. Mhínigh ionaid Teagasc do mhic léinn conas a rinneadh modhanna traidisiúnta sa tionscal agraibhia a fhorbairt le himeacht ama, agus cuirieadh na teicneolaíochtaí reatha a úsáidtear i dtaighde agraibhia ar taispeáint.

**Teagasc na Gráinsí**
D'eagraigh Teagasc na Gráinsí, Co. na Mí dhá lá oscailte san Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féarach. Tugadh cuireadh do mhic léinn as Clár Rochtanna na Tríonóide agus ó mheánscoileanna áitiúla teacht go dtí an t-ionad ar thuras ar na saotharlanna agus ar an fheirm d'ócáid Tosaíonn do chuid Bia anseo.

**Teagasc, An Chloch Liath Thug** 'Tuiscint ar Thionscal Déiríochta na hÉireann' deis go mhic





léinn dara leibhéil áitiúla uirlisí micreascópacha a úsáid san Ionad Taighde Bia, agus cuid de na teicneolaíochtaí atá mar bhonn don fheirmeoireacht déiríochta a fheiceáil san Ionad Taighde agus Nuálaíochta, Ainmhithe agus Féarach.

Tugadh cuairt ar an saotharlann taighde freisin. D'fhoghlaim na mic léinn faoin dul chun cinn atá déanta ag micribhitheolaíocht agus sábháilteacht bhia, agus chonaic siad micreastruchtúr an bhia agus an gaol atá idir sin agus ár dtaithí ar bhia sa saotharlann micreascópachta.

**Teagasc Páirc na Darach**
Ionad Taighde Barra, Comhshaoil agus Talamhúsáide i Teagasc Bhaile an Ásaigh
Rinne Páirc na Darach, Ceatharlach óstáil ar 'Ó Eorna go Beoir - Eolaíocht an Phionta Fhoirse'. Thug braicheadóir áitiúil ó Boortmalt taispeántas do mhic léinn ó Choláiste an Phiarsaigh Baile Átha Cliath agus IT Cheatharlach den phróiseas braiche agus thug grúdaire as O'Hara's, comhlacht bríbhéireachta áitiúil, taispeántas bríbhéireachta. Bhíodar in ann an próiseas déanta beorach a fheiceáil ón ghrán go dtí an ghloine. Thug taighdeoirí Pháirc na Darach taispeántas d'fheirmeoireacht chruinn sa ghort le tarracóirí gan tiománaí agus feithiclí aeir gan phíolóta.





# SPRIOC 4
## CUMAS EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ AGUS LUACH AR AIRGID A THABHAIRT

**Teagasc Bhéal Átha an Rí**
Thug daltaí  dara leibhéil i nGaillimh cuairt ar Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Teagasc Bhéal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe don ócáid Eolaíocht Ainmhithe @ Teagasc Bhéal Átha an Rí. Fuaireadar léargas ar an gcaoi a úsáidtear eolaíocht le fadhbanna atáirgithe agus seadánachais i gcaoraigh a réiteach. Chonaic na daltaí pórtha éagsúla caorach agus d'fhoghlaim siad faoina dtréithe agus a ról i bhfeirmeoireacht na hÉireann.

**Teagasc Bhaile an Ásaigh**
Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta d'eagraigh Ionad Taighde Bia Teagasc i mBaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath Blas d'Eolaíocht an Bhia, ócáid tráthnóna a bhí ar oscailt don phobal ginearálta. D'óstaigh taighdeoirí Teagasc oíche spraoi, siamsaíochta agus eolaíochta.

**Tuarascáil Úsáid Fuinnimh Bhliantúil 2016**
Bíonn Teagasc ag feidhmiú as 55 láthair ar fud na tíre ar scála ó shaoráidí Campais le 100+ ball foirne (m.sh. ionaid taighde agus Coláistí) go hoifigí beaga áitiúla Comhairleacha le timpeall 10 foirne. Is í an timpeallacht thógtha ag Teagasc an príomhúsáideoir d'fhoinsí fuinnimh le timpeall 76% den tomhaltas iomlán.

In 2016, d'ídigh Teagasc 26,631.0 MWh fuinnimh mar seo a leanas:

- 11,431.7 MWh de leictreachas nó 42.9% den bhfuinneamh iomlán
- 8,755.4 MWh de bhreosla iontaise le haghaidh téamh spáis nó 32.9% den bhfuinneamh iomlán
- 5,058.8 MWh de bhreosla feithiclí (talmhaíocht, iompar tráchtála agus flít carranna) nó 19.0% den bhfuinneamh iomlán.
- 1,385.1 MWh de bhreoslaí inathnuaite nó 5.2% den bhfuinneamh iomlán

Tá clár leanúnach ag Teagasc le huige tógála a chuid saoráidí a uasghrádú le cailliúint teasa a laghdú (déghloiniú, insliú dín agus ballaí, srl). Leanfar ar aghaidh leis an gclár in 2017. Bhí foinsí breosla inathnuaite cothrom le 5.2% den úsáid iomlán fuinnimh in 2016. Ní chuirtear san áireamh sa bhfigiúr sin an chuid den leictreachas ceannaithe a ghintear as acmhainní inathnuaite.Tá córas foirmiúil bainistiú fuinnimh suiteáilte d'fhonn úsáid fuinnimh a laghdú de réir na spriocanna náisiúnta.

**Infheistíochtaí TCF**
Sheol Teagasc suíomh gréasáin úrnua in 2016, le Córas nua Bainistiú Inneachair. Cuireadh an t-aistriú ó chóras traidisiúnta teileafóin go córas teileafónaíochta agus comhoibrithe VOIP i gcrích.  Leanadh ar aghaidh leis an infheistíocht lena líonraí ríomhaireachta agus a Bhraisle Ardfheidhmíochta a fheabhsú. Thosaigh córas nua Pleanáil Bhainistiú Cothaitheach ag oibriú agus rinneadh  infheisíocht shuntasach bhreise i gcóras Pasturebase Ireland. Lean an obair ar aghaidh ar Chóras na Bainistíocht Oideachais agus tá sé ar sceideal le cur i bhfeidhm in 2017.




*Síníodh Meabhrán Tuisceana idir Teagasc agus SANYUAN Foods Co. LTD, Beijing, P. D. na Síne. Chun tosaigh (ó chlé): An Dr Mark Fenelon -Ceann an Chlár Bia Teagasc, An Dr Chen Lijun, Bainisteoir Ginearálta Beijing Sanyuan Foods Co, LTD Ar chúl (ó chlé): Micheal Cantwell, Stiúrthóir Roinn Bhia Fhiontraíocht Éireann; Aidan O'Driscoll, Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Éire; an tAire Micheal Creed TD -Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ambasadóir na hÉireann chun na Síne a Shoilse Paul Kavanagh; Ambasáid na hÉireann, Beijing, An tSín.*


TEAGASC
三元食品

# SPRIOC 4
## CUMAS EAGRÚCHÁIN A FHEABHSÚ AGUS LUACH AR AIRGID A THABHAIRT

Agriculture and Food Development Authority



# Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais Teagasc

*Tuarascáil an Údaráis agus Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2016*

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# *RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC AN BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016*

**CLÁR**


| CLÁR | Leathanach |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 67 |
| RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 68 |
| RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS | 69 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 70 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM CHUIMSITHEACH | 71 |
| RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS | 72 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE HATHRUITHE I GCAIPITIL AGUS CÚLCHISTÍ | 73 |
| RÁITEAS TEAGASC MAIDIR LE HATHRUITHE I GCAIPITIL AGUS CÚLCHISTÍ | 74 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE SREABHADH AIRGID | 75 |
| NÓTAÍ AR NA RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS | 76 - 103 |

## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas comhdhlúite ioncaim agus caiteachais, an ráiteas comhdhlúite ioncaim chuimsitheach, ráiteas maidir le staid airgeadais an ghrúpa agus Teagasc, an ráiteas comhdhlúite athruithe i gcaipiteal agus i gcúlchistí, an ráiteas maidir le hathruithe i gcaipiteal agus i gcúlchistí Teagasc, an ráiteas comhdhlúite sreaaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a nglactar go coitianta leis.

**Freagrachtaí an Údaráis**

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a áirithiú gur léargas fíorcheart a thugtar orthu agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta iniúchóireachta (RA agus Éire) agus i gcomhréir le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

**Scóip iniúchóireachta na ráiteas airgeadais**

Cuimsíonn iniúchadh fáil fianaise afoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, agus iad imleor le cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaois nó earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, gur chuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad

- a réasúnta is a bhí meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus

- chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim chomh maith le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun faisnéis ar bith a shainaithint ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuair mé le linn dom a bheith i mbun an iniúchta seo, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má fhaighim amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith na bliana 2016; agus

- gur ullmhaíodh go cuí iad i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta an Údaráis leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na tai d chuntasaíochta.

**Nithe ar a dtuairiscím de réir eisceachta**

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó más rud é

- go dtugaim cás ábhartha ar bith faoi deara inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó

- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi ná leis an eolas a fuair mé le linn dom a bheith i mbun an iniúchta, nó

- nach léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go gcloíonn an tÚdarás leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó

- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile i gceist a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

**Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair**

D'aithin tástáil iniúchta soláthar neamh-iomaíoch seirbhísí in 2016 de luach €725,000. Sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais leagtar amach na bearta atá á ndéanamh ag an Údarás le tabhairt faoin ábhar.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 Meitheamh 2017

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann Údarás Teagasc, aithním go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú in Teagasc agus ina fhochuideachta.

Ní féidir le córas ar bith de rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, gan a bheith iomlán, a chur ar fáil in aghaidh earráid, míshonrú nó caillteanas ábhartha. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, tugann an tÚdarás agus a Choiste Iniúchóireachta aird, i measc nithe eile, ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009.

Tá bearta déanta ag an Údarás chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm mar seo a leanas:

- freagrachtaí, údarás agus cuntasacht an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa agus a shócmhainní a choimeád slán;
- cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó laistigh den Ghrúpa a aithint mar seo a leanas:

- trí chineál, fairsinge agus impleacht airgeadais na rioscaí atá le sárú ag an nGrúpa a aithint, lena n-áirítear an fhairsinge agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- trí mheasúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí arna n-aithint;
- trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa i dtaobh na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le feidhmiú rialuithe ar leith i gcoibhneas leis an tairbhe a bhainfear amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat de thuairisciú rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasaíochta lena n-áirítear:

- córas buiséadaithe bhliantúil agus tuairiscithe airgeadais, a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú agus ceadú air;
- athbhreithniú rialta ag an Údarás ar an straitéis fhoriomlán, ar phleananna gnó agus pleananna airgeadais agus ar dhifríochtaí i gcomparáid le buiséid oibriúcháin agus buiséid chaipitiúla.

Tá feidhm iniúchóireachtaí inmheánaí ag an nGrúpa, a fheidhmíonn de réir riachtanais Chód Cleachtais 2009 um Rialachais Comhlachtaí Stáit agus leis na critéir éifeachtúlachta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéis Teagasc a foilsíodh in 2012. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil an Grúpa nochta, agus bunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin. Ceadaíonn an Coiste Iniúchóireachta na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. In 2016, d'fhostaigh an tÚdarás saineolaí seachtrach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchóireachta.

In iniúchadh na ráiteas airgeadais do 2016 aithníodh sé idirbheart seirbhísí le luach iomlán de €725,404 nach bhfuarthas le soláthar iomaíoch. Cé gur baineadh leas as próisis iomaíocha roimhe seo maidir leis na soláthair seo, bhí conarthaí na soláthar éagtha agus cuireadh síneadh leo gan próiseas nua iomaíoch a úsáid. Sa chuid is mó de na cásanna cuireadh síneadh leis na conarthaí seo le súil go gcuirfeadh Oifig Soláthair an Rialtais (OGP) conarthaí ar bun do na seirbhísí seo. Tá na conarthaí OGP do na soláthair seo á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Bíonn faireachas agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais inmheánaí rialaithe airgeadais faoi threoir ag obair an iniúchóra inmheánaí, an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaí, na mbainisteoirí feidhmeacha sa Ghrúpa atá freagrach as an gcreat rialú airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil agus na tuairimí atá déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánacha maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2016.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2017

## RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoil an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh Teagasc i mbun gnó;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais Teagasc agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na ceanglais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntas ag ceanncheathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Teagasc a choimeád slán agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2017

Joe Larkin
Comhalta den Údarás
13 Meitheamh 2017

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC
# AN BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

## RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€'000** | **€'000** |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 4 | 146,583 | 137,124 |
| Cistiú AE | 5 | 1,898 | 2,542 |
| Díol beostoic | | 3,064 | 2,943 |
| Ioncam oibriúcháin | 6 | 29,399 | 27,158 |
| Glanchistiú iarchurtha i gcomhair pinsean | 10 | 2,562 | 9,960 |
| Barrachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 13 | 1,062 | 62 |
| Deontais eile, tabhartais agus tobhaigh dheonacha | | 3,779 | 3,486 |
| Díol earraí | | 127 | 117 |
| Seirbhísí taighde agus teicneolaíochta | | 1,182 | 972 |
| **Ioncam Iomlán** | | 189,656 | 184,364 |
| **Caiteachas** | 7 | (181,706) | (186,309) |
| **Barrachas/ (Easnamh Oibriúcháin** | | 7,950 | (1,945) |
| Ús infhaighte | | 4 | 111 |
| **Barrachas/ (Easnamh) roimh aistrithe agus chánachas** | | 7,954 | (1,834) |
| Aistriú (chuig)/ ón gCuntas Caipitil | | (1,760) | 964 |
| **Barrachas/ (easnamh) don bhliain airgeadais roimh chánachas** | | 6,194 | (870) |
| Cánachas | 11 | (42) | (46) |
| **Barrachas/ (easnamh) don bhliain airgeadais** | | 6,152 | (916) |
| **Barrachas/ (easnamh) inchurtha i leith** | | | |
| Teagasc | | 6,041 | (1,038) |
| Leas neamh-urlámhais | | 111 | 122 |
| | | 6,152 | (916) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais agus Nóta 1-36

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2017

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
13 Meitheamh 2017

## RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC
## AN BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

### RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

| | Nóta | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/ (easnamh) don bhliain airgeadais** | | 6,152 | (916) |
| (Caillteanas)/ Gnóthachan ar dhliteanais phinsin | 10 | (66,845) | 174,088 |
| Coigeartú ar an gcistiú pinsin iarchurtha | | 66,845 | (174,088) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | 6,152 | (916) |
| | | | |
| Teagasc | | 6,041 | (1,038) |
| Leas neamh-urlámhais | | 111 | 122 |
| | | 6,152 | (916) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais agus Nóta 1-36



An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2017

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
13 Meitheamh 2017

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC
# AN BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

## RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS
## AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016

| | | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní neamh-reatha** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus tealamh | 13 | 98,518 | 96,658 | 95,582 | 93,822 |
| Infheistíochtaí | 15 | 421 | 415 | 422 | 416 |
| | | 98,939 | 97,073 | 96,004 | 94,238 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Fardail | 16 | 4,819 | 4,675 | 4,819 | 4,675 |
| Méideanna infhála: méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin | 18 | 23,642 | 20,253 | 23,290 | 20,021 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 19 | 20,757 | 18,185 | 19,623 | 17,076 |
| | | 49,218 | 43,113 | 47,732 | 41,772 |
| **Méideanna iníoctha:** méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin | | | | | |
| Iníoctha agus fabhruithe | 20 | 17,297 | 20,571 | 17,104 | 20,392 |
| Ioncam iarchurtha | 21 | 19,560 | 16,354 | 19,497 | 16,311 |
| | | 36,857 | 36,925 | 36,601 | 36,703 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 12,361 | 6,188 | 11,131 | 5,069 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 111,300 | 103,261 | 107,135 | 99,307 |
| **Soláthairtí in aghaidh dliteanas** | | | | | |
| Cáin Iarchurtha | 23 | 101 | 100 | - | - |
| **Méideanna iníoctha:** méideanna dlite tar éis aon bhliain amháin | | | | | |
| Ioncam iarchurtha | 22 | 611 | 485 | 272 | 98 |
| | | 110,588 | 102,676 | 106,863 | 99,209 |
| Cistiú pinsin iarchurtha | 10 | 1,232,605 | 1,163,198 | 1,232,605 | 1,163,198 |
| Dliteanais phinsin | 10 | (1,232,605) | (1,163,198) | (1,232,605) | (1,163,198) |
| **Glansócmhainní** | | **110,588** | **102,676** | **106,863** | **99,209** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | | | |
| Cuntas caipitil | | 95,582 | 93,822 | 95,582 | 93,822 |
| Ráiteas an chuntas ioncaim agus caiteachais | | 12,346 | 6,194 | 11,281 | 5,387 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | | 2,660 | 2,660 | - | - |
| | | **110,588** | **102,676** | **106,863** | **99,209** |
| Cúlchistí inchurtha i leith Teagasc | | 107,467 | 99,666 | 106,863 | 99,209 |
| Leas neamh-urlámhais | | 3,121 | 3,010 | - | - |
| | | **110,588** | **102,676** | **106,863** | **99,209** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais agus Nóta 1-36

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2017

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
13 Meitheamh 2017

## RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC
## AN BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

**RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE HATHRUITHE I GCAIPITIL AGUS CÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016**

**GRÚPA**

| | | Cuntas caipitil | Cúlchistí ioncaim | | Ranníocaíocht chaipitiúil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa | Leas neamh-urlámhais | Leas neamh-urlámhais | |
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ag 1 Eanáir 2015** | | 94,786 | **6,882** | **228** | 2,660 | 104,556 |
| Easnamh don bhliain | | - | **(1,038)** | **122** | - | (916) |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | 10 | - | **174,088** | **-** | - | 174,088 |
| Coigeartú ar an gcistiú pinsin iarchurtha | 10 | - | **(174,088)** | **-** | - | (174,088) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | **(1,038)** | **122** | - | (916) |
| Méideanna caipitlithe i leith sócmhainní ceannaithe | 13 | 5,995 | **-** | **-** | - | 5,995 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 13 | (7) | **-** | **-** | - | (7) |
| Lúide: amúchta ag teacht le dímheas sócmhainní | 13 | (6,952) | **-** | **-** | - | (6,952) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | | **93,822** | **5,844** | **350** | **2,660** | **102,676** |
| Barrachas don bhliain | | - | **6,041** | **111** | - | 6,152 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais phinsin | 10 | - | **(66,845)** | **-** | - | (66,845) |
| Coigeartú ar an gcistiú pinsin iarchurtha | 10 | - | **66,845** | **-** | - | 66,845 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | **6,041** | **111** | - | 6,152 |
| Méideanna caipitlithe i leith sócmhainní ceannaithe | 13 | 8,871 | **-** | **-** | - | 8,871 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 13 | (55) | **-** | **-** | - | (55) |
| Lúide: amúchta ag teacht le dímheas sócmhainní | 13 | (7,056) | **-** | **-** | - | (7,056) |
| **Ar 31 Nollaig 2016** | | **95,582** | **11,885** | **461** | **2,660** | **110,588** |
| | | **107,467** | | **3,121** | | **110,588** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais agus Nóta 1-36

## RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE hATHRUITHE I gCAIPITIL AGUS CÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016

### TEAGASC

| | Nóta | Cuntas caipitil €'000 | Cúlchistí ioncaim €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ag 1 Eanáir 2015** | | 94,786 | 6,585 | 101,371 |
| Easnamh don bhliain | | - | (1,198) | (1,198) |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | 10 | - | 174,088 | 174,088 |
| Coigeartú ar an gcistiú pinsin iarchurtha | 10 | - | (174,088) | (174,088) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | (1,198) | (1,198) |
| Méideanna caipitlithe i leith sócmhainní ceannaithe | 13 | 5,995 | - | 5,995 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 13 | (7) | - | (7) |
| Amúchta ag teacht le dímheas sócmhainní | 13 | (6,952) | - | (6,952) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | | **93,822** | **5,387** | **99,209** |
| Barrachas don bhliain | | - | 5,894 | 5,894 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais phinsin | 10 | - | (66,845) | (66,845) |
| Coigeartú ar an gcistiú pinsin iarchurtha | 10 | - | 66,845 | 66,845 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | 5,894 | 5,894 |
| Méideanna caipitlithe i leith sócmhainní ceannaithe | 13 | 8,871 | - | 8,871 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 13 | (55) | - | (55) |
| Lúide: amúchta ag teacht le dímheas sócmhainní | 13 | (7,056) | - | (7,056) |
| **Ar 31 Nollaig 2016** | | **95,582** | **11,281** | **106,863** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais agus Nóta 1-36

## RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE SREABHADH AIRGID AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016

### GRÚPA

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 28 | 10,817 | 1,296 |
| Cánachas íoctha | | (41) | (28) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 10,776 | 1,268 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | | (9,298) | (6,344) |
| Fáltais ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | | 1,117 | 69 |
| Íocaíochta chun infheistíochtaí a fháil | | (27) | (28) |
| Fáltais ar dhíol infheistíochtaí | | - | 52 |
| Ús faighte | | 4 | 111 |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (8,204) | (6,140) |
| | | | |
| **Méadú/ (Laghdú) glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 2,572 | (4,872) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir | | 18,185 | 23,057 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig** | | 20,757 | 18,185 |
| | | | |
| **Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 19 | 20,757 | 9,185 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 19 | - | 9,000 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig** | | 20,757 | 18,185 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais agus Nóta 1-36

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1. Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh Teagasc (Údarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia na hÉireann) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá sé ina mhisean aige tacú leis an nuálaíocht ar bhonn eolaíochta san earnáil agraibhia agus sa bhithgheilleagar i gcoitinne, chun bonn taca a chur faoin mbrabúsacht, faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht. Is i bPáirc na Darach, Ceatharlach atá príomhoifig agus oifig chláraithe Teagasc. Tá scair 57% ag Teagasc in Moorepark Technology Limited, arb é a phríomhghníomhaíocht seirbhísí a sholáthar i ndáil le Taighde agus Forbairt.

### 2. Achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac Teagasc. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### 2.1 Ráiteas Géilliúntais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgid a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

#### 2.2 Bunús an Chomhdhlúthaithe

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, cuimsítear i ‘Grúpa Teagasc’ iad seo a leanas: an máthairaonán Teagasc agus a fhochuideachta Moorepark Technology Limited. Tá beartais chuntasaíochta agus tréimhse chuntasaíochta na fochuideachta ag teacht leo siúd atá ag an nGrúpa. Cuirtear as an áireamh idirbhearta idir cuideachtaí an ghrúpa agus iarmhéid agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí an ghrúpa. Cuirtear san áireamh an infheistíocht san fhochuideachta ar a costas lúide lagú. Tugtar sonraí na fochuideachta i Nóta 15.

#### 2.3 Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Talmhaíochta, Bua agus Mara le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i dtaobh míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Teagasc.

#### 2.4 Aithint ioncaim

*Deontais Oireachtais*
Faigheann Teagasc deontais rialtais i ndáil le taighde agus tionscadail eile (deontais ioncaim) agus deontais chaipitil chun infheistíocht chaipitiúil a chistiú. I gcás deontais ioncaim nach n-áirítear critéir feidhmíochta leo, aithnítear mar ioncam iad ar bhonn fáltais airgid. I gcás deontais arna bhfáil lena bhforchuirtear critéir shonracha feidhmíochta, cuirtear iad de mhuirear ar an ioncam iarchurtha agus déantar iad a thaifeadadh mar chreidiúnaí go dtí go gcomhlíonfar na critéir chuí feidhmíochta agus go n-aithneofar na deontais mar ioncam. Déantar deontais chaipitil a scaoileadh chuig ioncam thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne ábhartha a ceannaíodh.

*Díol earraí*
Aithnítear ioncam ó dhíol earraí nuair a aistrítear chuig an gceannaitheoir na rioscaí agus na sochair shuntasacha a bhaineann le húinéireacht na n-earraí, go hiondúil ar sheoladh chun bealaigh na n-earraí, nuair is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaofa, nuair is dócha go mbeidh na sochair gheilleagracha a bhaineann leis an idirbheart i ndán don aonán agus nuair is féidir na costais a tabhaíodh nó a thabhófar i leith an idirbhirt a thomhas go hiontaofa.

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

*Táillí comhairleacha*

Faigheann Teagasc ioncam ó chonarthaí bliantúla comhairleacha, ó chonarthaí bliantúla táillí plé agus ó sheirbhísí comhairle eile a chuirtear ar fáil. Aithnítear an t-ioncam ó tháillí comhairleacha agus ó tháillí i leith seirbhísí eile sa tréimhse chuntasaíochta ina soláthraítear na seirbhísí. Aithnítear ioncam i leith chonarthaí táille plé agus i leith seirbhisí comhairleacha eile sa tréimhse cuntasaíochta inar soláthraíodh an tseirbhís agus nuair is féidir meastuchán iontfaofa a dhéanamh ar thoradh an chonartha.

*Ioncam fabhraithe*

Aithnítear ioncam a thuilltear ar sheachadadh earraí/seirbhísí, nach bhfuil bille íoctha astu, de réir na dtéarmaí conartha mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam a tuilleadh ar thionscadail taighde, ach nár éilíodh, mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais, ag cur rialacha aonair na gcomhlachtaí cistithe go léir san áireamh.

*Ioncam ó ríchíosanna*

Aithnítear ioncam ríchíosa ar bhonn fabhraithe, i gcomhréir le substaint na gcomhaontuithe ábhartha.

*Táillí teagaisc*

Aithnítear an t-iomcar thar an tréimhse teagaisc.

### 2.5 Sochair fostaithe

Cuireann an Grúpa réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, lena n-áirítear socruithe maidir le saoire íoctha agus pleananna pinsin le sochar sainithe.

*Sochair ghearrthéarmacha*

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadais eile dá shamhail a aithint mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

*Pleananna pinsin le sochar sainithe*

Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe arna gcistiú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na mball foirne. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.  Faightear na luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad agus déanta nuashonrú orthu ag dáta gach Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Tá an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), an scéim shainithe do sheirbhísigh poiblí a ceapadh ar nó tar éis 1 Eanáir 2013 i bhfeidhm ag Teagasc. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear sna costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleadh ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne a gcoinníonn an Grúpa iad. Aithnítear mar ioncam méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin, a mhéid agus go bhfuil sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Déantar na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí a aithint sa Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Léiríonn na dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo.  Is ionann an cistiú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.6 Léasanna

Tráth a dtionscnaimh, déanann Teagasc measúnú ar chomhaontuithe faoina n-aistrítear an ceart chun úsáid a bhaint as sócmhainní. Meastar sa mheasúnú cibé an leas é an socrú ar bhonn shubstaint an tsocraithe nó nach ea, agus cibé an gcuimsítear leas ann nó nach gcuimsítear.

*Léasanna Oibriúcháin*
Déantar léasanna nach n-aistrítear rioscaí agus socair uile na húinireachta iontu a rangú mar léasanna oibriúcháin. I gcás léasanna nach n-aistrítear rioscaí agus sochair uile na húinéireachta fúthu, déantar iad a aicmiú mar léasanna oibriúcháin.

### 2.7 Cánachas

Cuimsítear sa chostas cánachais don tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha arna n-aithint sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear an cháin sa ráiteas ioncaim. Ní chuirtear sócmhainní agus dliteanais cánachais reatha nó iarchurtha chun dochair.

*Cáin reatha*
Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús incháinithe don bhliain nó do bhlianta roimhe sin. Déantar an cháin a thomhas ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse.

Déanann an lucht bainistíochta measúnú tréimhsiúil ar sheasaimh arna nglacadh i dtuairisceáin chánach i leith cásanna ina bhfuil an rialachán cánach is infheidhme faoi réir léirmhínithe éagsúla. Nuair is cuí, bunaíonn siad forálacha ar bhonn na méideanna a mheastar a íocfar leis na húdaráis chánach.

*Cáin Iarchurtha*
Eascraíonn an cháin iarchurtha as na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir na brabúis inchánacha agus an t-ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin sin ó chuimsiú ioncaim agus costas sna measúnachtaí cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin go léir ag an dáta tuairiscithe faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile incháinithe sa todhchaí.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus a mheastar a bheith infheidhme i leith aisiompú na difríochta uainiúcháin.

### 2.8 Taighde agus Forbairt

Aithnítear an caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde mar chostas sa tréimhse ina dtabhaítear é.

### 2.9 Sócmhainní inláimhsithe

*Maoin, gléasra agus trealamh*
Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha agus caillteanais charntha i ndáil le lagú. Áirítear le costais den sórt sin costais is inchurtha go díreach i leith a fhágáil gur féidir an tsócmhainn a oibriú mar a bhí beartaithe.

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas. Déantar dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh ar rátaí arna ríomh chun costas gach sócmhainne lúide a luach iarmharach a dhíscríobh go córasach thar a saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

| | |
|---|---|
| Foirgnimh feirme | 20 bliain |
| Foirgnimh eile | 50 bliain |
| Gléasra agus feithiclí | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Trealamh Oifige | 10 mbliana |

Gearrtar dímheas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscraíodh na sócmhainní.

Déantar luachanna anonn na maoine, an ghléasra agus an trealaimh a athbhreithniú le haghaidh lagaithe nuair a léiríonn teaghaisí nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh na luachanna anonn in-aisghabhála.

Déantar athbhreithniú ar an saol úsáideach tuartha, na luachanna iarmharacha agus na modhanna dímheasa ag deireadh gach bliana airgeadais.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, an difríocht idir fáltais na ndíolachán agus méid iompair an tsócmhainní, a eascraíonn as diúscairt nó scor earra maoine, gléasra agus trealaimh mar bhrabús nó mar chaillteanas. Déantar aon mhéid sa chúlchiste athluachála a bhaineann leis an tsócmhainn sin a aistriú chuig an tuilleamh coinnithe ar bhonn díreach.

Coinnítear gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach mbeidh siad in úsáid a thuilleadh.

*Sócmhainní oidhreachta*
Déantar na sócmhainní oidhreachta a chothabháil ar mhaithe le heolas agus cultúr den chuid is mó. Áirítear leo foirgnimh agus láithreacha stairiúla. Ní féidir faisnéis ar chostas ná luach na sócmhainní oidhreachta atá ar seilbh ag Teagasc a fháil ar chostas a bheadh i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais, agus dá bhrí sin ní aithnítear na sócmhainní sin sa ráiteas ar staid an airgeadais. Tá nochtadh i Nóta 14 maidir le sócmhainní oidhreachta ar seilbh.

*Sócmhainní le hathdhíol*
Déantar sócmhainní inláimhsithe a aicmiú mar chinn atá ar seilbh le haghaidh díola sa chás ina meastar go ndéanfar an tsuim ghlanluacha a aisghabháil go príomha trí idirbheart díola agus gurb é is dóichí go ndíolfar í. Luaitear iad ar an tsuim ghlanluacha nó ar a luach cóir lúide costais díola, cibé acu is lú.

*Lagú na sócmhainní neamhairgeadais*
Ar gach dáta Ráitis ar Staid Airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil aon rud a thabharfadh le os go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le os déantar comparáid idir méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) agus suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

**2.10 Sócmhainní airgeadais**

*Infheistíocht san fhochuideachta*
Déantar an infheistíocht san fhochuideachta Moorepark Technology Limited a thomhas ar a costas lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i leith na bliana.

*Infheistíochtaí eile*
I gcás infheistíochtaí atá liostaithe ar stocmhalartán aitheanta, déantar iad a thomhas ar a luach cóir, agus déantar gluaiseachtaí a thaifead trí mheán an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Déantar sócmhainní airgeadais eile ina gcuimsítear infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite agus infheistíochtaí airgeadais a thomhas ar a luach cóir, nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh air sin; seachas sin, déantar iad a thomhas ar an luach a sannadh dóibh ar dháta na fála lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i leith na bliana.

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.11 Fardal

*Sócmhainní Bitheolaíocha*
Déantar an beostoc agus táirgí ár bhfeirmeacha féin a luacháil ar shamhail an luacha chóir Cinntear an luach cóir ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe ar an margadh oscailte. Déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as na luachálacha sin a léiriú ina n-iomláine san ioncam oibriúcháin.

*Fardal eile*
Déantar gach earra fardail eile a luacháil ar a chostas nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

### 2.12 Méideanna infhála

Aithnítear méideanna infhála ar a luach cóir, lúide soláthar i leith laguithe. Is soláthar sonrach é an soláthar i leith laguithe, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Teagasc in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### 2.13 Méideanna Iníoctha

Déantar méideanna iníoctha, lena n-áirítear méideanna iníoctha trádála agus méideanna iníoctha eile agus ioncam iarchurtha a aithint ar dtús ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, agus sa chás sin déantar an ionstraim achais a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh.

### 2.14 Soláthairtí agus Teagmhais

*Soláthairtí*
Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais a mheastar is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an oibleagáid. Aithnítear mar chostas airgeadais an méadú ar an soláthar mar gheall ar imeacht aimsire.

*Teagmhais*
I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear iad (i) más rud é nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth nó nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa amhail an dáta tuairiscithe nó (ii) más rud é go ndeimhneofar gurb ann dóibh toisc go dtarlóidh nó nach dtarlóidh nithe neamhchinnte amach anseo nach bhfuil faoi lán-riail an Ghrúpa. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais más dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### 3. Breithiúnais agus meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir comhardaithe agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasaí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

*Saol úsáideach tuartha maoine, gléasra agus trealaimh*

Déanann an Grúpa sócmhainní seasta inláimhsithe a dhímheas thar a saol úsáideach tuartha, tar éis a gcuid luachanna iarmharacha measta a chur san áireamh. Léiríonn an saol úsáideach tuartha meastachán an lucht bainistíochta ar an tréimhse ina bhfuil sé i gceist ag an ngrúpa sochair gheilleagracha a bhaint amach anseo as úsáid shócmhainní seasta inláimhsithe an Ghrúpa. Is ionann an luach iarmharach agus an méid a mheasann an lucht bainistíochta a gheobhadh an Grúpa ar dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht cheana féin a bheifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh. D'fhéadfadh athruithe ar an leibhéal measta úsáide agus forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar eacnamaíocht, saol úsáideach agus luachanna iarmharacha na sócmhainní sin, rud a bhféadfadh tionchar a imirt dá bharr ar mhuirir dhímheasa sa todhchaí. Féach Nóta 13 i gcomhair suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe.

*Luacháil na nInfheistíochtai*

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar measúnacht i dtaobh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil táscairí ann a thabharfadh le os go bhfuil lagú déanta ar infheistíocht Teagasc san fhochuideachta. Más gá, déantar na measúnachtaí de chuid Teagasc a bhunú ar mheastachán ar luach úsáide na sócmhainní trí réamh-mheas a dhéanamh i dtaobh na sreafaí airgid sa todhchaí a mheastar a bheidh i gceist ar feadh tréimhse suas le 5 bliana, ag baint úsáide as ráta lascaine cuí chun luach láithreach na sreafaí airgid sin a ríomh. Féach Nóta 15 i dtaobh shuim ghlanluacha na n-infheistíochtaí.

*Lagú na méideanna infhála*

Déanann Teagasc measúnú leanúnach ar a chuid iasachtaí agus méideanna infhála i leith fianaise oibiachtúil ar lagú, trí fhéachaint ar thosca lena n-áirítear próifíl aoise agus acmhainneacht creidmheasa gach féichiúnaí agus cúlra an fhéichiúnaí i dtaobh íocaíochta. Dá mba rud é go rachadh dálaí airgeadais na bhféichiúnaithe sin chun donais, agus go bhfágfadh sé sin go ndéanfaí lagú ar a gcumas íocaíochta, d'fhéadfadh liúntais bhreise a bheith ag teastáil. Féach Nóta 18 i gcomhair shuim ghlanluacha na méideanna infhála trádála agus na méideanna infhála eile.

*Oibleagáid um shochair scoir*

Tá sé d'oibleagáid ar Teagasc sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear: ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luacháil sócmhainní agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Déanann an lucht bainistíochta meastacháin i leith na dtosca sin agus an ghlanoibleagáid phinsin sa chlár comhardaithe á cinneadh acu. Bíonn aird sna toimhdí ar thaithí stairiúil agus ar threochtaí reatha. Féach Nóta 10 maidir le nochtadh a bhaineann leis an scéim pinsin le sochar sainithe.

*Soláthairtí*

Déanann an Grúpa soláthairtí le haghaidh oibleagáidí dlí agus oibleagáidí inchiallaithe, arb eol dó iad a bheith gan íoc ag deireadh na bliana. Is iondúil go ndéantar na soláthairtí sin ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú chun teacht le treochtaí le déanaí i gcás inarb iomchuí sin. Is amhlaidh, áfach, gur meastacháin iad ar chostais airgeadais teagmhas a bhféadfadh sé nach dtarlóidh ar feadh tamall de bhlianta. Mar thoradh air sin, agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis na torthaí airgeadais, d'fhéadfadh difear nach beag a bheith idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 4. Deontais Oireachtais

| | Focheann | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 30: Deontas i gcabhair ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith costais ghinearálta[1] | A.5 | 116,534 | 110,983 |
| Deontas chun críche acmhainní daonna | A.3.4 | 10,500 | 10,500 |
| Taighde bia agus taighde talmhaíochta | A.3.1 | 4,310 | 5,146 |
| Clár comhthaighde spreagtha | A.3.2 | 5,319 | 5,496 |
| Scéim GLAS | B.3.3 | 3,375 | 4,319 |
| Scéim géanóm mairteola | B.6 | 2,315 | - |
| Clár aistriú eolais | B.7 | 1,822 | - |
| Loingseoir carbóin | C.10.10 | 1,745 | - |
| Deontas i leith poiblíocht foraoiseachta agus i leith feasachta agus oiliúna | C.6.4 | 600 | 650 |
| Deontas i leith oideachas foraoiseachta | C.6.4 | 63 | 30 |
| | | 146,583 | 137,124 |

[1]Cuireadh ranníocaíochtaí bhaill an Phinsin Aonair de €323,442 agus €203,124 sa bhliain roimhe seo chun sochair i gcoinne an Deontais i gcabhair le haghaidh caiteachais ghinearálta.

Déantar deontas infhála gan aon chritéir feidhmíochta a aithint san ioncam an tráth a mbeidh fáltais an deontais infhála. I gcás deontais Oireachtais faoina bhforchuirtear coinníollacha sainithe i dtaobh feidhmíochta sa todhchaí, aithnítear iad in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Déantar deontais Oireachtais a fuarthas roimh aithint ioncaim a bheith comhlíonta a thaifeadadh mar dhliteanais ar leithligh sa chlár comhardaithe. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta ag Teagasc sa chlár comhardaithe i gcáil dliteanas i ndáil leis na nithe seo a leanas:

| | Nóta | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Taighde bia agus taighde talmhaíochta | 21 | 2,719 | 3,187 |
| Clár comhthaighde spreagtha | 21 | 3,181 | 5,230 |
| | | 5,900 | 8,417 |

### 5. Cistiú AE

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam an tSuirbhé Feirme | 144 | 144 |
| INTERREG | 5 | 68 |
| Creatchlár VI | 4 | 123 |
| Creatchlár VII | 738 | 1,891 |
| Fís 2020 | 761 | 156 |
| Ioncam eile AE | 246 | 160 |
| | 1,898 | 2,542 |

Is iad na Creatchláir na príomhuirlisí airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar fud na ndisciplíní eolaíochta go léir, beagnach. Cuireadh tús leis an gclár Fís 2020 in 2014 agus beidh sé ar siúl go dtí deireadh na bliana 2020.

## NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 5. Maoiniú AE (ar lean)

Déantar deontas infhála gan aon chritéir feidhmíochta a aithint san ioncam an tráth a mbeidh fáltais an deontais infhála. I gcás deontais Oireachtais faoina bhforchuirtear coinníollacha sainithe i dtaobh feidhmíochta sa todhchaí, aithnítear iad in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Déantar deontais Oireachtais a fuarthas roimh aithint ioncaim a bheith comhlíonta a thaifeadadh mar dhliteanais ar leithligh sa chlár comhardaithe. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta ag Teagasc sa chlár comhardaithe i gcáil dliteanas i ndáil leis na nithe seo a leanas:

